Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6439/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0049(COD)**

**RECH 71**
**COMPET 122**
**CODEC 247**
**IA 21**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 89 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 89 final.

Faoi iamh: COM(2021) 89 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
COM(2021) 89 final

2021/0049 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát**

{SEC(2021) 91 final} - {SWD(2021) 35 final} - {SWD(2021) 36 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm do Fís Eorpach – an clár réime nua um thaighde agus um nuálaíocht (2021 – 2027) – tionchar níos mó ar thaighde agus nuálaíocht a bhaint amach trí chistí breise príobháideacha agus poiblí a luamhánú trí chomhinfheistíocht trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha. Tá na comhpháirtíochtaí sin beartaithe i réimsí ina bhfuil údar iomchuí le raon feidhme agus scála na n- acmhainní taighde agus nuálaíochta chun tosaíochtaí an Aontais ar a dhíríonn Fís Eorpach a bhaint amach, go háirithe a cholún 2 – Dúshláin dhomhanda agus iomaíochas tionsclaíoch.

Déantar foráil in Airteagal 8 de Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an 'Rialachán maidir le Fís Eorpach'), maidir le Comhpháirtíochtaí Institiúidithe Eorpacha atá bunaithe ar Airteagail 185 agus 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), nár 'cheart comhpháirtíochtaí den sórt sin a chur chun feidhme ach amháin nuair nach ngnóthódh codanna eile den chlár Fís Eorpach, lena n- áirítear foirmeacha eile de Chomhpháirtíochtaí Eorpacha na cuspóirí nó nach gcruthóidís na tionchair is gá a mbeifí ag dréim leo, agus dá mbeadh údar cuí leis trí pheirspictíocht fhadtéarmach agus ardleibhéal comhtháthaithe'.

D'aithin na comhreachtóirí ocht réimse tosaíochta le haghaidh Comhpháirtíochtaí Institiúidithe Eorpacha féideartha freisin sa Rialachán maidir le Fís Eorpach bunaithe ar Airteagal 185 nó Airteagal 187 de CFAE. Dá réir sin, aithníodh sraith de 12 thionscnamh mar thionscnaimh iarrthacha agus bhí siad ina n- ábhar do mheasúnú comhordaithe tionchair[2].

D'aithin na comhreachtóirí an mhéadreolaíocht mar cheann de na réimsí tosaíochta sin faoin Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus as sin a thagann an togra reatha le haghaidh Comhpháirtíocht Eorpach um Méadreolaíocht. Cuirtear le ceachtanna a foghlaimíodh ón gClár Eorpach um Thaighde Méadreolaíochta (EMPR) agus ón gClár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Thaighde (EMPIR) leis. Comhpháirtíocht nua chun dul i ngleic le dúshláin nua atá sa togra reatha, áfach. Níl sé ceaptha le leanúint ar aghaidh go díreach ó chláir roimhe seo.

Baineann an togra le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh sa chlár Eorpach um méadreolaíocht arna dhéanamh ag roinnt Ballstát. Is éard is méadreolaíocht ann ná an staidéar eolaíoch ar thomhas. Tá sí ar cheann de na nithe is mó lenar féidir gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, chun leas an phobail í. Faoi láthair, tá easpa tionchair ag cláir um thaighde méadreolaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh mar gheall ar ilroinnt gníomhaíochtaí agus dúbailt iarrachtaí ar fud na mBallstát.

---

[1] Rialachán (AE) …[*Rialachán maidir le Fís Eorpach*].

[2] Ní raibh ach 12 díobh ina n- ábhar do mheasúnú comhordaithe tionchair, mar bhí tionscnamh amháin ar an Ríomhaireacht ardfheidhmíochta ina ábhar do mheasúnú tionchair a rinneadh in 2017 (SEC(2018) 47).

Seo ag tráth a bhfuil méadú ar an iomaíocht dhomhanda sa mhéadreolaíocht roimh an Eoraip i dtéarmaí scála agus fhócas na hinfheistíochta chomh maith le gealltanas fadtéarmach airgeadais do chuspóirí méadreolaíochta. Le deich mbliana anuas, mhéadaigh na Stáit Aontaithe, an tSín agus an India a n- infheistíochtaí sa mhéadreolaíocht faoi 60 %, 50 % agus 52 % faoi seach. Le linn na tréimhse sin, bhí infheistíochtaí in institiúidí Eorpacha measartha seasta agus níor fhreagair sé do réimsí taighde a raibh méadú ag teacht ar a dtábhacht. Tá iarrachtaí leata amach go róthearc, gan aon fhócas straitéiseach, mar thoradh ar an leibhéal neamhleor infheistíochta san Eoraip, in éineacht le hilroinnt na gcumas méadreolaíochta. Tá an cumas chun an ilroinnt sin a laghdú, agus gníomhaíochtaí a chómhaoiniú le haghaidh inniúlachtaí nua méadreolaíochta agus comhthosaíochtaí freisin, léirithe leis na cláir roimhe seo arna maoiniú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, EMPR agus EMPIR.

Le blianta beaga anuas, leanadh leis na hinfheistíochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach. Sna Stáit Aontaithe, bhí buiséad bliantúil foriomlán USD 724.5 milliún in 2018 agus 2019 ag an Institiúid Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíocht (NIST), arb í institiúid náisiúnta méadreolaíochta na tíre í. Ar a gníomhaíochtaí suntasacha tá clár tiomanta le haghaidh eolaíochtaí taiscéalaíocha tomhais (an 'clár saotharlainne') ag a bhfuil buiséad bliantúil ar mó ná USD 60 milliún é agus clár taighde le haghaidh tomhais bhunúsacha, lena n- áirítear eolaíocht chandamach, ag a bhfuil buiséad bliantúil ar mó ná USD 160 milliún é. De réir na faisnéise is déanaí atá ar fáil, bhí buiséad oibriúcháin EUR 180 milliún ag Institiúid Náisiúnta na Méadreolaíochta (NIM) sa tSín in 2018. Ina theannta sin, chuir an tSín clár spriocdhírithe taighde don mhéadreolaíocht de thart ar EUR 65 milliún chun feidhme idir 2016- 2019 agus chistigh sí 160 tionscadal comhoibríoch taighde ar fud na Síne. I gcomparáid leis sin, tá buiséad foriomlán bliantúil oibriúcháin EUR 200 milliún ag PTB, institiúid náisiúnta méadreolaíochta (NMI) na Gearmáine agus an institiúid is mó dá chineál san Eoraip, agus ní ar thaighde spriocdhírithe a dhírítear an chuid is mó den bhuiséad, ach ar sheirbhísí méadreolaíochta don tionscal agus don tsochaí.

Tá na hinfheistíochtaí straitéiseacha seo á ndéanamh ag ár n- iomaitheoirí domhanda mar gheall ar an ngá le réitigh mhéadreolaíochta a dhíríonn ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus forbairt táirgí nua. Thairis sin, i ngeall ar an méadú ar dhúshláin shochaíocha a éilíonn caighdeáin iontaofa agus rialacháin is gá aghaidh phráinneach a thabhairt ar easpa neadaithe na méadreolaíochta sa chóras nuálaíochta ar an leibhéal Eorpach.

Chun ceannaireacht iomaíoch na hEorpa ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus forbairt táirgí nua a choinneáil ar bun agus chun cur chuige réamhbhreathnaitheach i leith caighdeáin iontaofa agus rialacháin a dhéanann dúshláin shochaíocha a thuar[3], chun an cheannaireacht sin a áirithiú, tá sé fíor- riachtanach go n- áiritheoidh an Tionscnamh Eorpach Méadreolaíochta go mbeidh réitigh mhéadreolaíochta san Eoraip ar comhchéim ar a laghad leis na gníomhaithe is fearr ar fud an domhain, faoi 2030, maidir le sármhaitheas i seirbhísí

3 Tarraingítear aird i dTuarascáil 2020 um Fhadbhreathnaitheacht Straitéiseach an Choimisiúin Eorpaigh gur 'gá don Aontas Eorpach anois ordghrúpaí réamhbhreathnaitheacha a neartú chun leanúint air ag múnlú noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta ar bhealach a léiríonn luachanna agus leasanna Eorpacha',*2020 Strategic Foresight Report–Charting the Course Towards a more Resilient Europe* [Tuarascáil 2020 um Fhadbhreathnaitheacht Straitéiseach–An bealach chun cinn á leagan amach le haghaidh Eoraip atá níos athléimní], lch. 15.

méadreolaíochta a sholáthar do dhúshláin chasta tomhais atá ann cheana agus do theicneolaíochtaí nua. Ba cheart é sin a bhaint amach trí bhíthin líonraí speisialaithe uile- Eorpacha a chomhthiomsaíonn acmhainní chun mais chriticiúil cumas a bhaint amach. Ba cheart do na réitigh mhéadreolaíochta sin tacú le díolacháin táirgí agus seirbhísí nuálacha nua trí eochairtheicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghlacadh agus a úsáid. Ba cheart do na réitigh rannchuidiú freisin le dearadh agus cur chun feidhme éifeachtach caighdeáin agus rialacháin shonracha atá mar bhonn taca faoi bheartais phoiblí a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha.

**Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Toisc gur chumasóir í an mhéadreolaíocht le haghaidh gach réimse eolaíochta agus teicneolaíochta, is féidir le feabhsuithe ar chumais mhéadreolaíochta dlús a chur le dul chun cinn na heolaíochta agus forbairtí tionscail chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann, mar shampla, leis an tsláinte, leis an gcomhshaol, leis an athrú aeráide, leis an tslándáil shóisialta agus leis an oidhreacht chultúrtha. Dá bhrí sin, bheadh ar aon tionscnamh Eorpach méadreolaíochta um thaighde agus um nuálaíocht chomhpháirteach sa todhchaí naisc a chruthú le roinnt tionscnaimh eile faoi Fís Eorpach agus lasmuigh de agus leas a bhaint as na naisc sin.

In Fís Eorpach, tá an mhéadreolaíocht ábhartha le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálacha arna maoiniú faoi bhraisle dhigiteach, thionscail agus spáis an chláir, toisc go ndéanann na tomhais chruinne láidre arna soláthar ag an méadreolaíocht rannchuidiú chriticiúil ar fud earnálacha monaraíochta, go háirithe le monaraíocht ardchruinnis táirgí ard- bhreisluacha amhail trealamh aerspáis, TFC ardfheidhmíochta agus spáis agus táirgí íocshláinte.

Tá úsáid tomhas cruinn láidir i bhfad níos leithne ná sin, áfach, agus dá bhrí sin tá an chomhpháirtíocht Eorpach mhéadreolaíochta ábhartha do réimse leathan réimsí beartais taighde agus nuálaíochta agus tionscnaimh eile, lena n- áirítear comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha. Tá sí ábhartha, mar shampla, d’oibriú eangach chliste leictreachais. Tá an mhéadreolaíocht tábhachtach freisin chun tomhais chruinne a áirithiú i ndiagnóisic agus seachadadh sláinte.

Ar bhonn níos ginearálta, tá comhlántachtaí ann leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha atá beartaithe faoi Fís Eorpach le haghaidh na nithe seo a leanas:

- tionscail dhiandigiteach amhail Déanta san Eoraip i ndáil le monaraíocht scoite;
- faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 agus aerthruailliú i gcoitinne faoi chomhpháirtíochtaí an Aistrithe i dtreo Fuinneamh Glan agus Processes4Planet;
- Eochairtheicneolaíochtaí digiteacha; Líonraí agus seirbhísí cliste, Intleacht shaorga, sonraí agus róbataic;
- Baint amach iompar ar bóthar astaíochtaí nialasacha (2Zero), Iompar sábháilte uathoibrithe ar bóthar tríd an tiomáint nasctha, agus Comhpháirtíocht um eitlíocht ghlan.
- Ba cheart sineirgí a thógáil freisin leis an tionscnamh um Shláinte Nuálach agus an Chomhpháirtíocht maidir le nuálaíocht mhórscála agus claochlú córas sláinte i sochaí dhigiteach atá ag aosú. Mar gheall ar a cineál trasearnála, ba cheart go gcuideodh an chomhpháirtíocht Eorpach mhéadreolaíochta amach anseo le misin de chuid Fís Eorpach amach anseo a chur chun feidhme freisin. Ba cheart di naisc a fhorbairt

freisin leis an gComhpháirtíocht Néalríomhaireachta Eorpach um an Eolaíocht Oscailte a bheidh ann amach anseo.

Lasmuigh de Fís Eorpach, cruthófar comhlántachtaí le cláir Eorpacha eile chun tacú le cur in úsáid réitigh mhéadreolaíochta amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an clár don Eoraip Dhigiteach agus clár comhshaoil LIFE. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha nua maoirseacht ar na naisc agus ar an gcumarsáid éifeachtúil idir an Chomhpháirtíocht um an Mhéadreolaíocht agus cláir ábhartha eile.

**Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Rannchuideoidh an tionscnamh Eorpach méadreolaíochta ar bhonn forleathan le beartais eile de chuid an Aontais lasmuigh de thaighde agus nuálaíocht. Mar chumasóir ar fud earnálacha agus disciplíní, baineann réitigh mhéadreolaíochta leis na sé thosaíocht a shaothraíonn an Coimisiún, mar a léirítear sa tábla thíos.

*Tábla: Ról na méadreolaíochta i dtosaíochtaí an Choimisiúin*

| **Tosaíocht** | **Léirithe ar ról na méadreolaíochta** |
|---|---|
| **Comhaontú Glas don Eoraip** | Soláthraítear méadrachtaí chun aeráidneodracht a bhaint amach |
| **Geilleagar a fhóireann do dhaoine** | Tá uirlisí nuálacha agus níos cruinne tomhais ina gcuid dhílis de phlean chun an ailse a chomhrac |
| **Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach** | Lárnach do chaighdeáin a shocrú le haghaidh líonraí 5G agus seirbhísí digiteacha |
| **Ár ndóigh bheatha san Eoraip a chosaint** | Fíor- riachtanach chun muinín a thabhairt i limistéar Schengen a fheidhmíonn ina iomláine chun cur chuige na hEorpa maidir le bainistiú riosca custam a dhaingniú |
| **Eoraip níos láidre sa domhan mór** | Mar bhonn taca faoi ról na hEorpa mar bhunaitheoir caighdeán, agus chun clár oibre láidir, oscailte agus cóirthrádála agus córas trádála feidhmiúil astaíochtaí a threorú |
| **Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa** | Caighdeáin a chinntiú chun an Eoraip a chosaint in aghaidh cur isteach seachtrach ceilte |

Áirithíonn an mhéadreolaíocht go mbíonn tomhais i gcomhréir le sainmhínithe agus caighdeáin a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta nuair a dhéantar iad. Is é seo is bonn le córais náisiúnta agus idirnáisiúnta mhéadreolaíochta a chruthaíonn na tomhais chruinne, iontaofa ar féidir brath orthu atá mar bhonn taca faoi raon leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus seirbhísí poiblí agus a chumhdaíonn iomlán an mhargaidh inmheánaigh i ngeilleagar a oibríonn do na daoine. Baineann sé seo le sábháilteacht táirgí tomhaltóra chomh maith le seirbhísí airgeadais, sa chaoi go gcumasaítear leis an méadreolaíocht stampáil chruinn ama a dhéanamh ar gach idirbheart airgeadais chun fianaise inrianaithe air a áirithiú agus chun comhlíonadh rialachán Eorpach airgeadais a áirithiú.

Chun an Eoraip atá oiriúnach don ré dhigiteach a chothú, cumasófar le cumais um thomhais chruinne úrscothacha in institiúidí náisiúnta méadreolaíochta agus institiúidí ainmnithe seirbhísí nua- aimseartha digiteacha agus gach teicneolaíocht digiteach atá ag teacht chun cinn, amhail candam nó intleacht shaorga freisin.

D'fhonn an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, éileofar cumais shoiléire tomhais sa chianbhraiteoireacht (amhail faire na cruinne), sa chomhshaol agus i bhfuinneamh. Go sonrach, baineann gach réimse beartais den Chomhaontú Glas don Eoraip go díreach le dúshláin mhéadreolaíochta. Cumasaítear le cumais um thomhais chruinne inrianaithe faireachán láidir chomhshaoil ar staid na haeráide. Tacaíonn siad freisin le dearadh agus forfheidhmiú éifeachtach rialachán comhshaoil trí shonraí iontaofa a sholáthar do na hathróga comhshaoil a thacaíonn le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide agus do pharaiméadair chomhshaoil amhail cáilíocht an aeir agus an uisce.

Beidh eolaíocht na dtomhas i réimse an fhuinnimh, mar shampla, fíor- riachtanach chun cuidiú leis an aistriú go fuinnimh in- athnuaite. I dtodhchaí ísealcharbóin, beidh ról lárnach ag méid, amscála agus tionchar an athraithe aeráide a thuiscint. Éilítear leis sin faireachán cruinn iontaofa a dhéanamh ar gach athróg aeráide le linn na n- amscálaí fada a bhfuil gá leo chun treochtaí aeráide a bhrath agus a thuiscint.

Thairis sin, ba cheart don mhéadreolaíocht a bheith mar bhonn taca faoi rialacháin chomhshaoil atá oiriúnach dá bhfeidhm, amhail rialacháin maidir le huisce nó aerthruailliú, lena n- áirítear faireachán agus forfheidhmiú. Lasmuigh d'fhuinneamh agus den chomhshaol, teastóidh córais nua- aimseartha cumasach mhéadreolaíochta ó réimsí beartais den Chomhaontú Glas amhail **tionscal inbhuanaithe, soghluaisteacht inbhuanaithe agus an bhithéagsúlacht**.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### Bunús dlí

Tá an togra le haghaidh tionscnamh Eorpach méadreolaíochta bunaithe ar Airteagal 185 CFAE, a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh i gcláir thaighde agus forbartha a bheidh gafa ar láimh ag Ballstáit éagsúla, lena n- áirítear rannpháirtíocht sna struchtúir arna gcur ar bun chun na cláir sin a chur i gcrích.

### Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sa mhéid is nach bhfuil an togra faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Déantar prionsabal na coimhdeachta a chaomhnú tríd an togra a bheith bunaithe ar Airteagal 185 CFAE, a fhorálann go sainráite do rannpháirtíocht an Aontais i gcláir thaighde arna ndéanamh ag Ballstáit éagsúla.

Ní féidir leis na Ballstáit astu féin cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach, toisc go n- éilítear le scála agus castacht na méadreolaíochta infheistíochtaí a théann níos faide ná príomhbhuiséid taighde na n- institiúidí náisiúnta méadreolaíochta. Tá an sármhaitheas a éilítear chun taighde a dhéanamh ar réitigh cheannródaíocha mhéadreolaíochta agus chun iad a fhorbairt scaipthe thar theorainneacha náisiúnta agus dá bhrí sin, ní féidir é a ghnóthú ar an leibhéal náisiúnta amháin. Gan cur chuige comhsheasmhach lena mbaineann mais chriticiúil ar an leibhéal Eorpach, tá baol mór ann go ndéanfaí iarrachtaí a dhúbailt, as a dtiocfaidh costais níos airde agus tionchar níos lú.

Tá an raon feidhme maidir le leibhéil shuntasacha chomhtháthaithe i ndáil le hiarrachtaí taighde méadreolaíochta a chothú ar fud na hEorpa léirithe le tacaíocht ar leibhéal an Aontais go dtí seo. Go dtí seo, bhí an comhtháthú faoi stiúir ag comhar ó bhun aníos ar leibhéal an

tionscadail. I bhfianaise a tábhachta méadaithí maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a éascú agus freagairt do dhúshláin shochaíocha, éilítear cur chuige níos straitéisí maidir le comhtháthú iarrachtaí méadreolaíochta chun treoíocht an taighde a neartú. Dá réir sin, eascróidh breisluach na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh tríd an tionscnamh Eorpach méadreolaíochta as cur chuige ar mó atá bunaithe ar chlár a dhíríonn ar thaighde méadreolaíochta i réimsí lena mbaineann tábhacht teicneolaíochta agus shochaíocha atá ag teacht chun cinn a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

**Comhréireacht**

Le hAirteagal 185 CFAE, iarrtar ar an Aontas 'le comhaontú na mBallstát i dtrácht, foráil do rannpháirtíocht i gcláir thaighde agus forbartha a bheidh gafa ar láimh ag Ballstáit éagsúla, lena n- áirítear rannpháirtíocht sna struchtúir arna gcur ar bun chun na cláir sin a chur i gcrích'.

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta, toisc go mbeidh na Ballstáit freagrach as a gclár comhpháirteach agus gach gné oibriúcháin a fhorbairt. Tá sé léirithe ag an struchtúr tiomanta cur chun feidhme - Comhlachas Institiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta na hEorpa (EURAMET) - cheana féin i dtionscnaimh mhéadreolaíochta roimhe seo ar an leibhéal Eorpach (EMRP agus EMPIR) gur féidir leis an clár a chur chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach. Soláthróidh an tAontas dreasachtaí le haghaidh comhar feabhsaithe, áiritheoidh sé sineirgí le beartais an Aontais Eorpaigh agus tosaíochtaí Fís 2020 agus rannchuideoidh sé leo, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme an chláir agus áiritheoidh sé go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chumhdach.

Cinntítear leis an measúnú tionchair *ex ante* ar an tionscnamh Eorpach méadreolaíochta gurb é Airteagal 185 CFAE an bonn is oiriúnaí chun an cuspóir a bhaint amach. Tugtar mionsonraí air sin i Roinn 6 den mheasúnú tionchair[4], i gcás inarb ag tionscnamh faoi Airteagal 185 CFAE atá an scór is fearr i dtéarmaí éifeachtachta agus comhleanúnachais agus ina bhfuil sé chomh costéifeachtach céanna agus atá rogha bhonnlíne ghlaonna ar thograí Fís Eorpach.

Dá réir sin, deimhnítear i bhForoinn 6.4 den mheasúnú tionchair go soláthródh an cineál seo comhpháirtíochta creat seasta, lena n- áiritheofar tiomantas na gcomhpháirtithe do chuspóirí fadtéarmacha. Soláthrófaí leis freisin an bonn le haghaidh cur chuige straitéiseach maidir le forbairt na méadreolaíochta san Eoraip amach anseo agus, i ndáil leis sin, bheadh sé solúbtha go leor chun treoraíocht ó bharr anuas le grúpa stiúrtha a cheadú chomh maith le cur chun feidhme spriocdhírithe an tionscnaimh trí líonraí speisialaithe.

Thairis sin, cinntear leis an measúnú tionchair go meallfadh an cineál seo comhpháirtíochta tiomantas agus rannpháirtíocht mhéadaithe ón tionscal agus ó úsáideoirí deiridh eile, as a dtiocfadh glacadh réiteach méadreolaíochta, trí chur chuige straitéiseach fadtéarmach agus cur chun feidhme spriocdhírithe a éascú. Réiteodh an cur chuige straitéiseach agus cur chun feidhme spriocdhírithe seo, in éineacht le rannpháirtíocht mhéadaithe an tionscail agus úsáideoirí deiridh eile, an bealach i dtreo córas méadreolaíochta ag a mbeadh cumais i bhfad níos láidre agus a bheadh ar bharr na ngníomhaithe ar leibhéal domhanda.

[4] Measúnú Tionchair Tagartha ar an gComhpháirtíocht Eorpach Méadreolaíochta

**An rogha ionstraime**

Beidh an tionscnamh beartaithe Eorpach méadreolaíochta bunaithe ar Airteagal 185 de CFAE. Léirítear le conclúidí na meastóireachta eatramhaí agus anailís ar na roghanna sa mheasúnú tionchair gurb é Airteagal 185 is oiriúnaí chun cuspóirí an tionscnaimh Eorpaigh méadreolaíochta a ghnóthú. Tá an chonclúid sin i gcomhréir leis na conclúidí a baineadh do na cláir roimhe seo (EMRP agus EMPIR). Don chineál ionstraime seo faoi Airt. 185 CFAE, éilítear le hAirteagal 188(2) CFAE go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cinneadh.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

**Meastóireachtaí *ex post***

In 2017, rinne grúpa seachtrach neamhspleách saineolaithe measúnú eatramhach ar EMPIR, an tionscnamh méadreolaíochta faoi Airteagal 185 CFAE.

Deimhníodh sa mheastóireacht go ndearna clár EMPIR dul chun cinn maith maidir le formhór chuspóirí an chláir a ghnóthú agus go rabhthas ag súil go méadódh sé an lánioncam Eorpach trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí a forbraíodh.

Moladh comhpháirtíocht nua ar an leibhéal Eorpach sa mheastóireacht, bunaithe ar thrí mholadh. Ar an gcéad dul síos, ba cheart an chomhpháirt straitéiseach a neartú. Ba cheart do na hinstitiúidí náisiúnta méadreolaíochta teagmháil a dhéanamh le pobail eile páirtithe leasmhara chun ‘slabhraí luacha méadreolaíochta’ atá in ann tacú leis an margadh aonair a fhorbairt. Níor tacaíodh le struchtúr láraithe Eorpach chun an moladh a chur chun feidhme sa mheastóireacht. Tugadh tús áite do chur chuige ó bhun aníos i leith gníomhaíochtaí méadreolaíochta bunaithe ar chuspóirí comhaontaithe ar an leibhéal Eorpach. Ar na cúiseanna sin, moladh sa mheastóireacht gur cheart ‘lárionaid sármhaitheasa’ uile- Eorpacha i bhfoirm líonraí (‘líonraí Eorpacha méadreolaíochta’) a bheith san áireamh i gcomhpháirtíocht fhéideartha chomharba chun inniúlacht na méadreolaíochta a neartú chun freagairt do mhórdhúshláin shochaíocha.

Ar an dara dul síos, níor cheart ról na bpáirtithe seachtracha, amhail ollscoileanna agus an tionscal, a bheith srianta do rannpháirtíocht i dtionscadail a roghnaítear i ndiaidh glaonna a thuilleadh. Ina ionad sin, ba cheart iad a bheith níos rannpháirtí amach anseo i bhforbairt chlár agus i níos mó deiseanna a bheith acu páirt a ghlacadh i dtionscadail.

An tríú moladh a bhí ann ná go dtabharfadh cur chun feidhme an chláir aghaidh réamhghníomhach ar fheidhmeanna na méadreolaíochta i réimsí na heolaíochta atá ag teacht chun cinn agus go ndíreofaí a thuilleadh ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha.

**Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Thug an Coimisiún faoi chomhairliúchán oscailte poiblí le páirtithe leasmhara ar thionscnamh Eorpach méadreolaíochta amach anseo[5]. D'fhreagair 225 fhreagróir an comhairliúchán poiblí ar líne. Astu siúd, chuir 50 % díobh in iúl gur lucht acadúil/taighdeoirí iad, 16 % gur saoránaigh den Aontas Eorpach iad, 14 % gur eagraíochtaí cuideachta/gnólachta iad agus 12 % gur údaráis phoiblí iad. San 8 % eile bhí comhlachais ghnó, eagraíochtaí neamhrialtasacha, saoránaigh nach as an Aontas Eorpach iad agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Thug na freagróirí a dtuairimí ar ábharthacht an taighde méadreolaíochta, shainaithin siad fadhbanna roimh chóras taighde méadreolaíochta na hEorpa agus rinne siad measúnú ar chúpla réiteach féideartha beartais. Cuireadh i dtábhacht sa chomhairliúchán roinnt saincheisteanna, lena n- áirítear saothrú neamhleor tionscail, easpa comhair idir institiúidí náisiúnta méadreolaíochta (NMInna) agus an bonn eolaíochta níos leithne, bearnaí inniúlachta idir Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh, soghluaisteacht neamhleor taighdeoirí laistigh de na NMInna agus an easpa teagmhála le comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú.

**Bailiú agus úsáid saineolais**

Agus é i mbun ullmhúcháin don tionscnamh Eorpach méadreolaíochta, rinne an Coimisiún teagmháil le raon leathan saineolaithe seachtracha. An cur chuige a bhí ann ná leas a bhaint as anailís ó staidéar seachtrach neamhspleách, arna chomhlánú ag cruinnithe agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara, chomh maith le haiseolas scríofa.

Maidir leis sin, choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar seachtrach a chumhdaigh gach comhpháirtíocht institiúidithe iarrthach, an mhéadreolaíocht san áireamh[6] agus bhain sé leas suntasach as a anailís agus a thorthaí agus an togra méadreolaíochta á ullmhú.

I gcomhthráth, reáchtáil an Coimisiún cruinnithe agus agallaimh le linn 2019 le EURAMET e.V. agus le saineolaithe eile méadreolaíochta.

Reáchtáil an Coimisiún ceardlann comhairliúcháin freisin le saineolaithe na mBallstát i mí na Samhna 2019. Ina dhiaidh sin, rinneadh comhairliúchán scríofa le haireachtaí náisiúnta atá freagrach as an méadreolaíocht i mí an Mhárta 2020[7].

---

5 Reáchtáladh an comhairliúchán poiblí oscailte idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2019.

6 Grúpa Technopolis (2020), Staidéar Measúnaithe Tionchair le haghaidh Comhpháirtíochtaí Institiúidithe Eorpacha faoi Fís Eorpach, Tuarascáil Deiridh, Staidéar don Choimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta

7 Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe ó aireachtaí an Aontais agus ó Bhallstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) a raibh clár náisiúnta méadreolaíochta a dtíre á reáchtáil acu. As na 32 thír, sholáthair 20 díobh aiseolas, agus astu siúd thug 16 díobh le fios go soiléir gur thacaigh siad le leanúint leis an tionscnamh méadreolaíochta i bhfoirm chomhpháirtíochta institiúidithe agus ní raibh aon tuairim in aghaidh an smaoinimh sin. San iomlán, mheas 89 % de na freagróirí go bhfuil an mhéadreolaíocht ábhartha dá n- eagraíochtaí taighde, ollscoileanna san áireamh, agus mheas 86 % díobh go bhfuil sí ábhartha maidir le beartais agus tosaíochtaí náisiúnta.

**Measúnú tionchair**

Tugadh an tuarascáil ar an measúnú tionchair maidir leis an tionscnamh beartaithe méadreolaíochta i gcrích i mí an Mheithimh 2020 (SWD(2021) 36).

An 15 Iúil 2020 chuir an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach in iúl maidir leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair (SEC(2021) 91). Ina thuairim, d'iarr an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála na rudaí seo a leanas:

(1) Mar chuid den chuspóir go bhforbrófaí líonraí trasnáisiúnta méadreolaíochta, mínítear sa tuarascáil nach mbeadh gá le comhpháirtíocht a thuilleadh ag pointe ar leith (faoi 2030). Ba cheart don tuarascáil soiléiriú a thabhairt ar an bhfáth a gcuirtear sin san áireamh sa tuarascáil ar an measúnú tionchair agus ar an gcaoi a nascann sé leis an tionscnamh atá ann faoi láthair, a chumhdaíonn an tréimhse mhaoinithe suas go dtí 2027. Má dheimhnítear nach mbeadh gá le comhpháirtíocht a thuilleadh, ba cheart don tuarascáil a thabhairt chun solais ar bhealach níos soiléire an chaoi a bhfuiltear ag súil leis go gcuideoidh an chomhpháirtíocht atá beartaithe faoi láthair leis na coinníollacha is gá dá dhíscaoileadh amach anseo a bhunú.

(2) Ba cheart don tuarascáil míniú níos fearr a thabhairt ar an gcaoi a mbeadh gníomhaithe na hearnála príobháidí rannpháirteach faoin bhfoirm thosaíochta, arb í sin comhpháirtíocht 'phoiblí phríobháideach'. Ba cheart di na dreasachtaí lena rannpháirtíocht a shoiléiriú.

(3) D'fhéadfadh an tuarascáil míniú breise úsáideach cúlra a sholáthar ar na comhlachtaí náisiúnta taighde méadreolaíochta agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn siad.

Tá na roghanna seo a leanas sa mheasúnú tionchair:

An cás bunlíne a bhí ann ná cás gan chomhpháirtíocht agus gan ann ach glaonna traidisiúnta ar thograí faoi Fís Eorpach. An toradh a bheadh air sin ná struchtúr cur chun feidhme Airteagal 185 atá ann faoi láthair a dhúnadh agus, in 2023, deireadh á chur le tionscadail EMPIR atá ar bun, as a dtiocfadh costais foirceanta agus díscaoilte shóisialta.

Faoi rogha 1, bhunófaí Comhpháirtíocht Eorpach chomhchistithe. D'fhágfadh comhpháirtíocht den chineál sin níos éasca ar NMInna é acmhainní a chomhthiomsú ach bheadh baol mór ann go gcruthófaí 'club dúnta', a dhíspreagfadh lucht acadúil ó bheith rannpháirteach.

Faoi rogha 2, bhunófaí Comhpháirtíocht Institiúidithe Eorpach (Airteagal 185 CFAE). Chuirfeadh tionscnamh den sórt sin leis an dul chun cinn arna dhéanamh faoi EMPIR, an Chomhpháirtíocht Institiúidithe Eorpach atá ann faoi láthair, tríd an liosta de na líonraí Eorpacha méadreolaíochta a mhéadú le cinn bhreise ag a bhfuil réimsí nua fócais. Bheadh baint ag gníomhaithe ar fud shlabhra luacha níos forleithne na méadreolaíochta, lena n- áirítear aireachtaí náisiúnta, comhlachtaí um chaighdeánú, rialtóirí, tionscal, úsáideoirí deiridh agus tomhaltóirí, leis. Mhéadófaí leibhéal maoinithe an Aontais faoi Fís Eorpach i gcomparáid le Fís 2020 mar gheall ar na hacmhainní a mbeadh gá leo chun an raon feidhme méadaithe a chúiteamh.

Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ar an measúnú tionchair gurb í rogha 2 an rogha thosaíochta. Tá sé sin i gcomhréir le torthaí an chomhairliúcháin phoiblí, ina raibh 62 % de na freagróirí i bhfabhar Comhpháirtíocht Institiúidithe mar rogha thosaíochta don tionscnamh nua méadreolaíochta. Bhí na ceithre mhórghrúpa freagróirí uile (lucht acadúil,

cuideachtaí/gnólachtaí, saoránaigh den Aontas agus ionadaithe ar na húdaráis phoiblí) d'aon tuairim, agus ní raibh aon mhionghrúpa i bhfabhar rogha eile.

Tá comhpháirt dhíreach agus indíreach ag sochair eacnamaíocha an tionscnaimh bheartaithe. An comhpháirt dhíreach ná an méadú ar dhíolacháin ionstraimíochta agus seirbhísí nasctha i dtionscal. Meastar gurb ionann seo agus EUR 50 milliún in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, tá tionchar breise indíreach fadtéarmach giarála ar dhíolacháin ag cuspóir na nuálaíochta a chur chun cinn i réimsí straitéiseacha chur i bhfeidhm. Baineann na sochair shóisialta agus chomhshaoil go díreach leis na líonraí speisialaithe méadreolaíochta. Soláthraíonn na líonraí réitigh shonracha mhéadreolaíochta do gach páirtí leasmhara ar fud shlabhra luacha na méadreolaíochta, lena n- áirítear tionscal, úsáideoirí deiridh agus saoránaigh.

**Simpliú**

Simpleoidh an togra na nósanna imeachta riaracháin do na húdaráis phoiblí agus comhlachtaí (de chuid an Aontais nó comhlachtaí náisiúnta) agus do pháirtithe príobháideacha.

Déileálfaidh an tAontas go díreach le struchtúr tiomanta cur chun feidhme an tionscnaimh Eorpaigh méadreolaíochta, a bheidh i bhfeighil úsáid ranníocaíocht an Aontais a leithdháileadh, ar fhaireachán a dhéanamh uirthi agus ar thuairisc a thabhairt uirthi.

**Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an gCinneadh beartaithe maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leagtar amach sa ráiteas airgeadais reachtach a chuirtear i láthair leis an gcinneadh seo na himpleachtaí táscacha buiséadacha. EUR 300 milliún i bpraghsanna reatha le haghaidh fhad chlár réime Fís Eorpach a bheidh i ranníocaíocht airgeadais uasta an Aontais leis an gcomhpháirtíocht mhéadreolaíochta, agus leithreasuithe CSTE san áireamh.

Ní mór d'fhorálacha an Chinnidh agus an chomhaontaithe tarmligin atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus don struchtúr tiomanta cur chun feidhme (Euramet e.V.) a áirithiú go gcosnófaí leasanna airgeadais an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

**Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh cur chun feidhme an tionscnaimh bunaithe ar chlár oibre straitéiseach taighde agus nuálaíochta arna chomhaontú leis na comhpháirtithe náisiúnta sa tionscnamh.

Déanfar faireachán ar fheidhmíocht an tionscnaimh trí thuarascálacha bliantúla arna bhformheas ag an gCoimisiún Eorpach. Áireofar leis sin tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn leis na príomhtháscairí feidhmíochta agus le bearta eile a leagtar amach sa chlár oibre straitéiseach taighde agus nuálaíochta.

Áirítear clásal athbhreithnithe sa togra le haghaidh meastóireacht eatramhach tráth nach déanaí ná 2025 agus meastóireacht deiridh tráth nach déanaí ná 2030.

**An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Baineann an Cinneadh beartaithe le hábhar LEE agus ba cheart, dá bhrí sin, an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chuimsiú ann. Mar sin féin, chun comhlántacht le tríú tíortha a áirithiú, tá a rannpháirtíocht á tuar trí fhoráil chomhfhreagrach.

**Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cinntítear le hAirteagal 1 den Chinneadh beartaithe an raon feidhme geografach atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo le haghaidh na Comhpháirtíochta Eorpaí Méadreolaíochta.

Cuirtear i dtábhacht in Airteagal 2 an nasc leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach agus leagtar amach ann cuspóir comhpháirtíochta den chineál sin sa chúlra sin. Leagtar amach ann freisin na cuspóirí ginearálta agus sonracha ar cheart do chomhpháirtíocht amach anseo iad a chomhlíonadh agus a bhaint amach.

Leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 an ranníocaíocht airgeadais a dhéanfaidh an tAontas Eorpach le EURAMET ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

Leagtar amach in Airteagail 5, 6 agus 7 na hoibleagáidí faoinar féidir leis na Ballstáit agus le tíortha rannpháirteacha eile ranníocaíocht a dhéanamh leis an gcomhpháirtíocht amach anseo. Soiléirítear leis nach amháin gur cheart do na tíortha rannpháirteacha ranníocaíocht an Aontais a mheaitseáil, ach gur cheart dóibh gníomhaíochtaí ábhartha eile a chistiú freisin, amhail líonraí Eorpacha méadreolaíochta amach anseo.

Soiléirítear le hAirteagal 8 na rialacha rannpháirtíochta a bhféadfadh maolú ar rialacha Fís Eorpach a bheith ag baint leo i gcásanna a bhfuil údar iomchuí leo; leagtar amach ann freisin na ráthaíochtaí íosta chun tuilleadh oscailteachta a áirithiú i nglaonna amach anseo, mar shampla ba cheart do pháirtithe leasmhara eile freisin, ní hamháin institiúidí náisiúnta méadreolaíochta, a bheith i dteideal tionscadail amach anseo a chomhordú faoin gcomhpháirtíocht seo.

Leagtar amach in Airteagal 9 an creat le haghaidh comhaontuithe cur chun feidhme idir an Coimisiún Eorpach agus EURAMET. Le hAirteagal 10 cuirtear ar a chumas don Choimisiún Eorpach gníomhú má mhainníonn tíortha rannpháirteacha a ngealltanais faoin gCinneadh seo a chomhlíonadh. Soláthraítear le hAirteagail 11 agus 12 coimircí chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint.

Maidir le rialachas na comhpháirtíochta amach anseo, leagtar creat nua amach in Airteagail 13 go 17. Cé gur ar EURAMET go príomha atá sé an chomhpháirtíocht seo a chur ar bun, molann an Coimisiún go mbunófaí Grúpa Stiúrtha seachtrach faoi chomhchathaoirleacht an Choimisiúin agus ionadaí ó Bhallstát; ba cheart don Ghrúpa spreagadh a thabhairt don chomhpháirtíocht nua a bheith níos gaire do riachtanais úsáideoirí agus a tionchar ar thionscal, rialáil agus socrú caighdeán a neartú. Ba cheart ionadaithe ó chomhpháirtíochtaí Eorpacha eile le comhpháirtithe príobháideacha a bheith sa Ghrúpa freisin.

Ar aon dul le comhpháirtíochtaí institiúideacha eile, moltar in Airteagal 18 go ndéanfaí meastóireacht eatramhach agus meastóireacht deiridh i gcomhréir le prionsabail Rialáil Níos Fearr. Tá Airteagail 19 go 21 beartaithe le feidhmiú réidh na Comhpháirtíochta Eorpaí amach anseo a áirithiú.

2021/0049 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 185 agus an dara fomhír d'Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn an tionchar is mó agus is féidir a bhaint amach ar chistiú an Aontais agus rannchuidiú ar an mbealach is éifeachtaí le cuspóirí beartais an Aontais, bunaíodh le Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] Fís Eorpach, an clár réime um thaighde agus um nuálaíocht, is é sin, an creat beartais agus dlíthiúil le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha ag a bhfuil comhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus/nó phoiblí. Is príomhghné de chur chuige bheartas Fís Eorpach iad Comhpháirtíochtaí Eorpacha. Bunaítear iad chun tosaíochtaí an Aontais ar a dhírítear le Fís Eorpach a sheachadadh agus chun tionchar soiléir don Aontas agus do mhuintir an Aontais a áirithiú, rud is féidir a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí le comhpháirtíocht, trí fhís straitéiseach a chomhroinntear idir na páirtithe agus ar a aontaítear na comhpháirtithe, seachas mar a dhéanfadh an tAontas agus é ag gníomhú ina aonar.

(2) Go háirithe, meastar go mbeidh ról tábhachtach ag Comhpháirtíochtaí Eorpacha faoin gcolún 'Dúshláin dhomhanda agus an t-iomaíochas tionsclaíoch Eorpach' de chuid Fís Eorpach i gcuspóirí straitéiseacha, amhail dlús a chur leis na haistrithe chuig spriocanna forbartha inbhuanaithe agus Eoraip atá glas agus digiteach, a bhaint amach, agus i gcur leis an téarnamh[10]. Tá Comhpháirtíochtaí Eorpacha ríthábhachtach chun dul i ngleic le dúshláin chasta thrasteorann a dteastaíonn cur chuige comhtháite uathu. Táthar in ann dul i ngleic leis na clistí claochlaithe, córasacha agus margaidh leis na

---

[8] IO C , , lch. .

[9] Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [dáta] lena mbunaítear Fís Eorpach – an clár réime um thaighde agus um nuálaíocht (IO C , , lch. ). [*Cuir isteach tagairt iomlán*].

[10] An Coimisiún Eorpach (2018), Measúnú Tionchair ar Fís Eorpach, SWD(2018) 307

Comhpháirtíochtaí sin, ag tabhairt raon leathan gníomhaithe ar fud na slabhraí luacha agus na n-éiceachóras tionsclaíoch le chéile chun oibriú i dtreo fís ghnáchomónta agus an fhís sin a aistriú ansin go treochláir choincréiteacha agus cur chun feidhme comhordaithe gníomhaíochtaí. Thairis sin, trí iarrachtaí agus acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí gnáchomónta, féadtar na dúshláin chasta atá romhainn a réiteach.

(3) D'fhonn tosaíochtaí agus tionchar a sheachadadh, ba cheart Comhpháirtíochtaí Eorpacha a fhorbairt trí bhíthin rannpháirtíocht leathan páirtithe leasmhara ábhartha ar fud na hEorpa, lena n-áirítear tionscal, eagraíochtaí taighde, comhlachtaí ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, amhail fondúireachtaí a thacaíonn le taighde agus nuálaíocht agus/nó a thugann fúthu sin. Ba cheart do na Comhpháirtíochtaí Eorpacha sin a bheith ar cheann de na bearta a úsáidtear chun an comhar idir comhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus/nó phoiblí a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin, lena n-áirítear trí chláir thaighde agus nuálaíochta agus infheistíocht trasteorann sa taighde agus sa nuálaíocht a thabhairt le chéile, chun leasanna frithpháirteacha a sholáthar do dhaoine agus do ghnólachtaí.

(4) I gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) XXX, ba cheart d'aon Bhallstát agus aon tír atá comhlachaithe le Fís Eorpach a bheith i dteideal a bheith rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta ('an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta'). D'fhonn comhlántacht laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le tíortha comharsanacha eile a áirithiú, ba cheart tríú tíortha a bheith in ann a bheith rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, faoi réir tabhairt i gcrích comhaontú ábhartha idirnáisiúnta maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta leis an Aontas agus le comhaontú na Stát Rannpháirteach.

(5) Le Fís Eorpach tugtar isteach cur chuige níos straitéisí agus comhleanúnaí atá bunaithe ar thionchar le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha, ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó mheastóireacht eatramhach Fhís 2020. Beartaítear leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach úsáid níos éifeachtaí a bhaint as Comhpháirtíochtaí Institiúidithe Eorpacha, go háirithe trí dhíriú ar chuspóirí, torthaí agus tionchar soiléir is féidir a bhaint amach faoi 2030, agus trí rannchuidiú soiléir leis na tosaíochtaí beartais agus beartais ghaolmhara de chuid an Aontais a áirithiú. Maidir le dlúthchomhar agus sineirgí le tionscnaimh ábhartha eile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, go háirithe le Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile, beidh sin ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus a áirithiú go n-úsáidfear na torthaí.

(6) Le Cinneadh Uimh. 555/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], chinn an tAontas ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leis an gclár méadreolaíochta Eorpach um nuálaíocht agus thaighde (EMPIR) is cóimhéid le ranníocaíocht na stát rannpháirteach ach nach mó ná EUR 300 000 000, d'fhad chlár réime 2014-2020 um thaighde agus um nuálaíocht ('Fís 2020') arna bhunú le Rialachán (AE)

---

[11] Cinneadh Uimh 555/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chlár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Thaighde (EMPIR) arna chomhdhéanamh ag roinnt Ballstát (IO L 169, 7.6.2014, lch. 2).

Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Sa mheastóireacht mheántéarmach ar EMPIR i mí Iúil 2017, moladh tionscnamh nua.

(7) Ba cheart do ranníocaíocht airgeadais an Aontais a bheith faoi réir gealltanais fhoirmiúla ó na Stáit Rannpháirteacha rannchuidiú ó thaobh airgeadais de le cur chun feidhme na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta agus le comhlíonadh na ngealltanas sin. Ba cheart ranníocaíocht leis na costais riaracháin, faoi réir uasmhéid 5 % de bhuiséad na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta, a bheith san áireamh le ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteacha. Ba cheart do Stáit Rannpháirteacha gealltanas a thabhairt go méadóidh siad, más gá, a ranníocaíocht leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta trí chumas cúlchistithe a bhunú d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad in ann a n-eintitis náisiúnta, institiúidí náisiúnta méadreolaíochta (NMInna) agus institiúidí ainmnithe (DInna) a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a chistiú. Ceanglaítear struchtúr cur chun feidhme le cur chun feidhme comhpháirteach na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta. Ba cheart ranníocaíocht airgeadais an Aontais a bhainistiú i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus leis na rialacha ábhartha maidir le bainistíocht indíreach a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

(8) Ba cheart an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a bhunú. Bheadh comhpháirtíocht den sórt sin ní b'éifeachtaí ná glaonna traidisiúnta nó comhpháirtíocht chomhchistithe faoi na cláir oibre a ullmhaítear faoi bhraislí gaolmhara uile cholún 2 de Fís Eorpach.

(9) Is é is cuspóir don Chinneadh seo go mbeadh an tAontas rannpháirteach sa Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta chun tacú lena chuspóirí ginearálta. Tá ceanglais na méadreolaíochta de mhéid agus de chastacht chomh mór sin go dteastaíonn infheistíochtaí a théann níos faide ná croíbhuiséid taighde na NMInna agus DInna. An tsármhaitheas a éilítear chun taighde a dhéanamh ar réitigh cheannródaíocha mhéadreolaíochta agus chun iad a fhorbairt, tá an tsármhaitheas sin scaipthe thar theorainneacha náisiúnta agus dá bhrí sin, ní féidir í a ghnóthú ar an leibhéal náisiúnta amháin. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Chinnidh seo a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais trí iarrachtaí náisiúnta a chomhtháthú le cur chuige comhsheasmhach Eorpach, trí chláir roinnte náisiúnta taighde a thabhairt le chéile, trí chuidiú le straitéisí coiteanna taighde agus cistithe thar theorainneacha náisiúnta a dhearadh, agus tríd an mais chriticiúil gníomhaithe agus infheistíochtaí a éilítear a bhaint amach, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a

---

[12] Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

[13] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Cinneadh seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(10) Ba cheart an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, ailínithe le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin (lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip, geilleagar a fhóireann do dhaoine, agus Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach) a chur chun feidhme thar thréimhse deich mbliana (idir 2021 agus 2031). Ba cheart gníomhaíochtaí nua a áireamh sa chlár i gcomparáid le tionscnamh EMPIR faoi Fís 2020, agus go háirithe, forbairt líonraí Eorpacha méadreolaíochta, a fhreagróidh do dhúshláin phráinneacha shochaíocha agus riachtanais mhéadreolaíochta teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ba cheart don inniúlacht mhéadreolaíochta a sholáthraítear trí na líonraí sin a bheith coibhéiseach le córais cheannródaíocha mhéadreolaíochta eile ar fud an domhain, agus inchomparáide leo, agus ba cheart sármhaitheas den chéad scoth a léiriú leo. Ba cheart glaonna ar thograí faoin gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a sheoladh le linn chur chun feidhme Fís Eorpach.

(11) Ba cheart gníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a bheith i gcomhréir le cuspóirí agus tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta Fís Eorpach agus leis na prionsabail agus coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal XXX de Rialachán (AE) [Rialachán maidir le Fís Eorpach].

(12) Ba cheart uasmhéid a bhunú i leith rannpháirtíocht airgeadais an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach ar feadh fhad tréimhse Fís Eorpach. Laistigh de theorainneacha an uasmhéid sin, ba cheart ranníocaíocht an Aontais a bheith suas le cothrom le ranníocaíocht na Stát a ghlacann páirt sa Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta chun ardéifeacht ghiarála a bhaint amach agus comhtháthú níos láidre cláir de chuid na Stát Rannpháirteach a áirithiú.

(13) I gcomhréir le hAirteagal XX de Rialachán (AE) [XXX] [Rialachán maidir le Fís Eorpach], is é cuspóir ginearálta Fís Eorpach tionchar eolaíoch, eacnamaíoch agus sochaíoch a sheachadadh ó infheistíochtaí an Aontais i sa taighde agus sa nuálaíocht chun boinn eolaíochta agus teicneolaíochta an Aontais a neartú agus a iomaíochas a chothú, lena n-áirítear a thionscal, tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, agus rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí phrionsabail Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Chomhaontú Pháras faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide a leanúint.

(14) Chomhaontaigh na Stáit Rannpháirteacha an struchtúr cur chun feidhme do na tionscnaimh roimhe seo, an Clár Eorpach um Thaighde Méadreolaíochta (EMPR) agus EMPIR. In 2007, bunaíodh EURAMET e.V (EURAMET), an Eagraíocht Réigiúnach Eorpach um Mhéadreolaíocht agus comhlachas neamhbhrabúis faoi dhlí na Gearmáine, chun ról an struchtúir sin a dhéanamh. Tá cúraimí agus oibleagáidí ar EURAMET freisin a bhaineann le comhchuibhiú níos forleithne na méadreolaíochta san Eoraip agus ar fud an domhain. Tá comhaltas EURAMET oscailte do NMInna uile na hEorpa, mar chomhaltaí, agus do DInna, mar chomhaltaí oinigh. Níl comhaltas EURAMET coinníollach ar chláir thaighde méadreolaíochta a bheith ann. Ós rud é go raibh struchtúr rialachais EURAMET éifeachtúil agus d'ardcháilíocht le haghaidh chur chun feidhme EMPR agus EMPIR, de réir thuarascáil na meastóireachta meántéarmaí ar EMPIR, ba cheart EURAMET a úsáid freisin chun an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a chur chun feidhme. Ba cheart, dá bhrí sin, do EURAMET ranníocaíocht airgeadais an Aontais a bhainistiú.

(15) Chun cuspóirí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a ghnóthú, ba cheart do EURAMET tacaíocht airgeadais a sholáthar go príomha i bhfoirm deontas do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí arna roghnú ar leibhéal EURAMET. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a roghnú i ndiaidh glaonna ar thograí faoi fhreagracht EURAMET. Ba cheart don liosta tosaíochta a bheith ceangailteach maidir le roghnú na dtograí agus leithdháileadh an chistithe ó ranníocaíocht airgeadais an Aontais agus ó ranníocaíocht airgeadais na Stát Rannpháirteach le haghaidh na dtionscadal taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara. Maidir leis na gníomhaíochtaí a chistítear le ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach le líonraí Eorpacha méadreolaíochta, ba cheart do na gníomhaíochtaí arna gcistiú a bheith faoi fhreagracht EURAMET freisin.

(16) Tá rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta faoi réir Rialachán (AE) Uimh. XXX ón gComhairle[14] [Iarratas ar Thogra maidir le Fís Eorpach]. Mar gheall ar riachtanais shonracha oibriúcháin na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta, go háirithe maidir le Líonraí Eorpacha Méadreolaíochta amach anseo a thógáil agus a bhainistiú agus rannpháirtíocht leordhóthanach airgeadais na Stát Rannpháirteach a éascú, áfach, ba cheart go bhféadfaí foráil a dhéanamh maidir le ról an chomhordaitheora i dtogra a shrianadh do NMInna agus DInna na Stát Rannpháirteach, i gcás inar gá.

(17) Ba cheart ranníocaíochtaí ó Stáit Rannpháirteacha a áirithiú trí chistiú institiúideach ó na NMInna agus DInna. Ba cheart don éagsúlacht leathan gníomhaíochtaí bunúsacha rannchuidiú le cuspóirí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta agus ba cheart iad a leagan amach sna cláir bhliantúla oibre, agus naisc le costais agus caiteachas oibriúcháin. I measc nithe eile, ba cheart a chumhdach, leis na ranníocaíochtaí costais, na seirbhísí a sholáthraíonn calabrúcháin agus seirbhísí eile atá i gcomhréir le Córas Idirnáisiúnta na nAonad go díreach. Le ranníocaíochtaí ó na Stáit Rannpháirteacha, ba cheart rannchuidiú airgeadais le costais riaracháin na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a chuimsiú freisin.

(18) Chun trédhearcacht agus inrochtaineacht a áirithiú don chlár, ba cheart glaonna ar thograí ón gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a fhoilsiú freisin ar an tairseach aonair do rannpháirtithe chomh maith lena dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha scaipthe eile de chuid Fís Eorpach arna mbainistiú ag an gCoimisiún.

(19) Ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na samhla cistiúcháin maidir le prionsabal na comhoiriúna idir cistí de chuid an Aontais agus cistí neamh-Aontais ag am na meastóireachta eatramhaí ar an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta chun a áirithiú go bhfuil prionsabal na comhoiriúna do ranníocaíochtaí airgeadais na Stát Rannpháirteach á urramú.

(20) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis airgeadais agus riaracháin a ghearradh.

[14] Rialachán (AE) XXX ón gComhairle an …(IO …).

(21) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ba cheart an ceart a bheith ag an gCoimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais a laghdú, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh má chuirtear an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta chun feidhme ar bhealach neamhleor, go páirteach nó go déanach, nó mura ndéanann na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíocht, nó má dhéanann siad ranníocaíocht i bpáirt nó go déanach, le maoiniú na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na cearta sin sa chomhaontú ranníocaíochta atá le tabhairt i gcrích idir an tAontas agus EURAMET.

(22) Chun críche an tsimplithe, ba cheart ualaí riaracháin a laghdú do na páirtithe uile. Ba cheart iniúchtaí dúbailte agus doiciméadacht agus tuairisciú díréireacha a sheachaint. Nuair a dhéantar iniúchtaí, ba cheart saintréithe sonracha na gclár náisiúnta a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí. Maidir le hiniúchtaí ar fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais arna soláthar i gcomhréir leis an gCinneadh seo, ba cheart a áirithiú leis na hiniúchtaí sin laghdú ar an ualach riaracháin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

(23) Arna iarraidh sin don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Chúirt Iniúchóirí, ba cheart do EURAMET agus na Stáit Rannpháirteacha, maidir le haon fhaisnéis is gá don Choimisiún a chur san áireamh sna tuarascálacha ar an meastóireacht ar an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, an fhaisnéis sin a chur isteach.

(24) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh tráth nach déanaí ná 2025, ina ndéanfar measúnú, go háirithe, ar cháilíocht agus éifeachtúlacht na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta agus an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis na cuspóirí a leagtar amach a ghnóthú agus ba cheart dó meastóireacht deiridh a dhéanamh tráth nach déanaí ná 2030 agus tuarascáil a ullmhú ar na meastóireachtaí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Rannpháirtíocht sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta*

1. Glacfaidh an tAontas páirt sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta ('an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta'), comhpháirtíocht institiúidithe dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (c), de Rialachán (AE) [...] [Fís Eorpach], arna chomhdhéanamh ag an Ostair, an Bheilg, [an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin], an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, [an Iorua], an Spáinn, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, [an tSeirbia], an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn [an Eilvéis agus an Tuirc] (na 'Stáit Rannpháirteacha'), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo.

2. Féadfaidh aon Bhallstát seachas na Ballstáit sin a shonraítear i mír 1 agus aon tír eile atá comhlachaithe le Fís Eorpach páirt a ghlacadh sa Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, ar choinníoll go gcomhlíonann sí an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (c). Measfar gur Stát Rannpháirteach í chun críocha an Chinnidh seo.

3. Féadfaidh aon tríú tír nach bhfuil comhlachaithe le Fís Eorpach páirt a ghlacadh sa Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, ar choinníoll go dtugann sí i gcrích comhaontú idirnáisiúnta le haghaidh comhar eolaíoch agus teicneolaíoch leis an Aontas ina leagtar amach téarmaí agus coinníollacha a rannpháirtíochta sa Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta agus ar choinníoll go bhfaigheann sí formheas Choiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointe (f). Má chomhlíonann sí na coinníollacha sin, measfar gur Stát Rannpháirteach í chun críocha an Chinnidh seo.

*Airteagal 2*

*Cuspóirí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta*

1. Rannchuideoidh an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta le cur chun feidhme Rialachán (AE) ... [XXX][Fís Eorpach] agus go háirithe Airteagal 3 de.

2. Gan dochar do mhír 1, trí rannpháirtíocht agus gealltanas na gcomhpháirtithe maidir le clár gníomhaíochtaí taighde agus nuálacha a dhearadh agus a chur chun feidhme,, saothróidh an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta na cuspóirí ginearálta seo a leanas:

   (a) córas inbhuanaithe comhordaithe méadreolaíochta a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach;

   (b) a áirithiú go nglacann nuálaithe go díreach le cumais úrscothacha mhéadreolaíochta ina n-éiceachórais;

   (c) tionchar na méadreolaíochta ar dhúshláin shochaíocha i ndáil le cur chun feidhme beartas, caighdeán agus rialachán chun go mbeidh siad oiriúnach dá bhfeidhm, an tionchar sin a mhéadú.

3. Agus na cuspóirí ginearálta a leagtar amach i mír 2 á gcur chun feidhme, saothróidh an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta na cuspóirí sonracha seo a leanas:

   (a) cumais nua taighde a fhorbairt faoi 2030, a fhorbrófar faoi chuimsiú Líonraí nua Eorpacha Méadreolaíochta agus a fheidhmíonn ó thaobh cumais chalabraithe agus tomhais ar a laghad chomh maith leis na hinstitiúidí méadreolaíochta is fearr lasmuigh de na Stáit Rannpháirteacha;

   (b) tacú, faoi 2030, le díolacháin táirgí agus seirbhísí nua nuálacha trí chumais nua mhéadreolaíochta in eochairtheicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid agus a ghlacadh;

   (c) rannchuidiú go hiomlán agus go héifeachtach, faoi 2030, le dearadh agus cur chun feidhme caighdeáin agus rialacháin shonracha atá mar bhonn taca faoi bheartais phoiblí a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha.

*Airteagal 3*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta*

1. Ní mó ná ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíocht, lena n-áirítear leithreasuithe Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa agus leithreasuithe tríú tíortha,. Suas le EUR 300 milliún a

bheith i ranníocaíocht airgeadais an Aontais chun teacht le ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach a shonraítear in Airteagal 1(1).

2. Chun ranníocaíocht airgeadais an Aontais a ríomh, ní chuirfear aon ranníocaíocht ó na Stáit Rannpháirteacha le costais riaracháin ar mó í ná 5 % de na comh-ranníocaíochtaí iomlána leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta san áireamh.

3. Íocfar ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó na leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a leithdháiltear ar na codanna ábhartha den chlár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach, arna bhunú le Cinneadh [XXX][15] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gclár sonrach a bhunú chun Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht – a chur chun feidhme.

4. Úsáidfidh EURAMET e.V. ('EURAMET') ranníocaíocht airgeadais an Aontais chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a) a chistiú.

5. Ní úsáidfear ranníocaíocht airgeadais an Aontais chun costais riaracháin na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a chumhdach.

*Airteagal 4*

*Coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

1. Beidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais ag brath ar gach ceann de na nithe seo a leanas:

   (a) léiriú ag Stáit Rannpháirteacha go bhfuil an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta curtha ar bun i gcomhréir leis an gCinneadh seo;

   (b) ainmniú EURAMET i ról an struchtúir atá freagrach as an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a chur chun feidhme agus as ranníocaíocht airgeadais an Aontais a fháil agus a leithdháileadh agus as faireachán a dhéanamh uirthi, ag na Stáit Rannpháirteacha, nó ag na hinstitiúidí náisiúnta méadreolaíochta (NMInna) arna n-ainmniú ag Stáit Rannpháirteacha;

   (c) gealltanas ag gach Stát Rannpháirteach go ndéanfaidh sé ranníocaíocht le maoiniú na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta agus go mbunóidh sé cumas cúlchistithe 50 % de mhéid an ghealltanais;

   (d) léiriú ag EURAMET ar a inniúlacht an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear ranníocaíocht airgeadais a fháil agus a leithdháileadh, agus faireachán a dhéanamh uirthi, faoi chuimsiú bhainistíocht indíreach bhuiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 62 agus 154 de Rialachán (AE, Euratom), 2018/1046;

---

[15] Rialachán [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gclár sonrach a bhunú chun Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a chur chun feidhme (IO C […], […], lch. […]). [Cuir isteach tagairt iomlán].

(e) bunú samhla rialachais don Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta i gcomhréir le hAirteagail 13 go 16 den Chinneadh seo.

2. Le linn na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a chur chun feidhme, beidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais coinníollach ar na nithe seo a leanas freisin:

(a) cur chun feidhme ghníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a leagtar amach in Airteagal 6 ag EURAMET i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2;

(b) coinneáil ar bun samhla iomchuí éifeachtaí rialachais i gcomhréir le hAirteagail 13 go 16;

(c) comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 155 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ag EURAMET;

(d) comhlíonadh na ngealltanas dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) den Airteagal seo.

*Airteagal 5*

*Ranníocaíochtaí Stát Rannpháirteach leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta*

1. Déanfaidh na Stáit Rannpháirteacha a shonraítear in Airteagal 1(1) ranníocaíochtaí, nó socróidh siad go ndéanfaidh a gcomhlachtaí náisiúnta cistiúcháin ranníocaíochtaí, cibé acu ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil EUR 363 milliún ar a laghad sa tréimhse idir 1 Eanáir 2021 agus 31 Nollaig 2031. Beidh cion de na ranníocaíochtaí ó Stáit Rannpháirteacha i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais.

2. Seo a leanas a bheidh i ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach:

(a) ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil leis na gníomhaíochtaí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6(1); agus

(b) ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil chun costais riaracháin EURAMET a chumhdach.

3. Cumhdóidh na ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil dá dtagraítear i mír 2, pointe (a) na costais a thabhóidh na Stáit Rannpháirteacha agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (b) á gcur chun feidhme, lúide aon ranníocaíocht dhíreach nó indíreach airgeadais ón Aontas leis na costais sin.

4. Cumhdóidh na ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) na costais a thabhóidh na Stáit Rannpháirteacha i ndáil le costais riaracháin EURAMET maidir leis an gComhpháirtíocht a chur chun feidhme.

5. D’fhonn na ranníocaíochtaí comhchineáil dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b) a luacháil, cinnfear na costais i gcomhréir le gnáthchleachtais cuntasaíochta na Stát Rannpháirteach nó na gcomhlachtaí náisiúnta cistiúcháin lena mbaineann, le caighdeáin cuntasaíochta infheidhme an Stáit Rannpháirtigh ina bhfuil na comhlachtaí náisiúnta cistiúcháin lena mbaineann bunaithe agus leis na Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta is infheidhme agus na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta. Déanfaidh iniúchóir neamhspleách a cheapfaidh na Stáit Rannpháirteacha nó na comhlachtaí náisiúnta cistiúcháin lena mbaineann na costais a dheimhniú. I gcás ina mbeadh aon éiginnteacht ann de bharr an deimhniúcháin, féadfaidh EURAMET an modh luachála a fhíorú. I gcás ina mbeadh éiginnteacht ann fós, féadfaidh EURAMET iniúchadh a dhéanamh ar an modh luachála.

6. Déanfar ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, a measfar gur ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach atá iontu, i ndiaidh an clár oibre bliantúil a ghlacadh. Má ghlactar an clár oibre bliantúil le linn na bliana tagartha dá dtagraítear in Airteagal 6(3), féadfar ranníocaíochtaí a dhéanfar amhail ó 1 Eanáir na bliana sin a áireamh leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), a measfar gur ranníocaíochtaí de chuid na Stát Rannpháirteach iad a áirítear sa chlár oibre bliantúil. D'eisceacht, féadfar na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), a dhéanfar i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Cinneadh maidir le Comhpháirtíocht Mhéadreolaíochta i bhfeidhm a áireamh gur ranníocaíochtaí de chuid na Stát Rannpháirteach iad ar choinníoll go gcuirfear san áireamh i gcéad chlár oibre bliantúil na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta iad.

*Airteagal 6*

*Gníomhaíochtaí EURAMET*

1. Tacóidh an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta le raon leathan gníomhaíochtaí taighde agus nuálacha trí bhíthin an mhéid seo a leanas a leanas:

(a) gníomhaíochtaí indíreacha de réir bhrí Airteagal 2, pointe 25 de Rialachán (AE) [XXX] [Rialachán maidir le Fís Eorpach] agus, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chinneadh seo, a dhéanann EURAMET iad a chistiú go príomha i bhfoirm deontas i ndiaidh glaonna oscailte iomaíocha trasnáisiúnta a eagróidh EURAMET, agus ar a n-áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas:

– (i) gníomhaíochtaí eolaíocha teicniúla a thacaíonn leis an méadreolaíocht bhunúsach eolaíoch lena leagtar síos an bunús le haghaidh gach céim ina dhiaidh sin, lena n- áirítear taighde agus forbairt fheidhmeach mhéadreolaíochta agus seirbhísí a bhaineann leis an méadreolaíocht;

– (ii) taighde méadreolaíochta chun réitigh ar dhúshláin shochaíocha a sholáthar, ag díriú ar rannchuidithe le cúrsaí fuinnimh, sláinte agus aeráide agus chun tionscadail a fhorbairt i líonraí sonracha Eorpacha méadreolaíochta a thugann aghaidh ar na dúshláin sin;

– (iii) taighde chun ionstraimíocht nua tomhais a fhorbairt dírithe ar ghlacadh tionsclaíoch teicneolaíochtaí méadreolaíochta chun an nuálaíocht sa tionscal a spreagadh;

– (iv) taighde agus forbairt réamhnormatach agus chomhnormatach mhéadreolaíochta chun tacú le cur chun feidhme beartais agus rialacháin agus dlús a chur le margaíocht níos tapa ar thabhairt isteach táirgí agus seirbhísí nuálacha ar an margadh;

(b) gníomhaíochtaí arna gcistiú ag na Stáit Rannpháirteacha gan ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3, ar a n-áirítear gníomhaíochtaí fothaithe cumais méadreolaíochta ar leibhéil éagsúla teicneolaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu córas cothrom comhtháite méadreolaíochta a chur ar bun sna Stáit Rannpháirteacha chun é a chur ar a gcumas a gcumais eolaíocha agus teicniúla sa mhéadreolaíocht a fhorbairt, agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach roghnaítear ó na glaonna ar thograí ar a dtugtar tuairisc i bpointe (a), agus a leagtar amach sna cláir oibre bhliantúla, lena n-áirítear aon cheann de na gníomhaíochtaí a leanas:

– (i) gníomhaíochtaí faoi chláir náisiúnta na Stát Rannpháirteach amhail tionscadail trasnáisiúnta a rannchuidíonn leis na tosaíochtaí a leagtar amach i líonra Eorpach méadreolaíochta agus i gcoistí teicniúla EURAMET.

– (ii) gníomhaíochtaí chun torthaí taighde méadreolaíochta a scaipeadh agus a úsáid;

– (iii) gníomhaíochtaí a thugann aghaidh go sonrach ar institiúidí méadreolaíochta nach bhfuil cumais eolaíocha acu nó nach bhfuil ach cumais theoranta eolaíocha acu, trí thacú leo úsáid a bhaint as cláir eile de chuid an Aontais, nó cláir náisiúnta nó réigiúnacha maidir le hoiliúint agus soghluaisteacht, comhar trasteorann nó infheistíocht i mbonneagar méadreolaíochta;

– (iv) eagrú gníomhaíochtaí seachtracha scaipthe agus aistrithe eolais chun an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a chur chun cinn agus a tionchar a uasmhéadú.

2. Sula ndéanfar ábhar gach glao ar thograí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) a shainaithint, iarrfaidh EURAMET ar dhaoine aonair nó ar eagraíochtaí ó phobal taighde na méadreolaíochta agus ón slabhra ginearálta luacha méadreolaíochta ábhair thaighde féideartha a mholadh.

*Airteagal 7*

*Clár oibre bliantúil*

1. Cuirfear an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta chun feidhme ar bhonn cláir oibre bhliantúla a chumhdaíonn gníomhaíochtaí atá le déanamh sa tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig i mbliain ar leith (‘bliain tagartha’).

2. Glacfaidh EURAMET na cláir oibre bhliantúla faoin 31 Márta sa bhliain tagartha, i ndiaidh fhormheas an Choimisiúin a fháil. Agus na cláir oibre bhliantúla á nglacadh, gníomhóidh EURAMET agus an Coimisiún araon gan moill mhíchuí. Cuirfidh EURAMET an clár oibre bliantúil ar fáil go poiblí.

3. Gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (a) agus (b), ní fhéadfar iad a sheoladh ach sa bhliain tagartha agus i ndiaidh ghlacadh chlár oibre bliantúil na bliana sin.

4. Ní fhéadfaidh EURAMET gníomhaíochtaí a chistiú ach amháin má leagtar amach iad sa chlár oibre bliantúil. Déanfar idirdhealú sa chlár oibre bliantúil idir na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a), na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (b) agus costais riaracháin EURAMET. Áireofar sa chlár oibre bliantúil a meastacháin caiteachais chomhfhreagraigh agus an buiséad atáthar á leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí a chistítear le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3 agus ar ghníomhaíochtaí a chistíonn na Stáit Rannpháirteacha gan ranníocaíocht airgeadais den chineál sin ón Aontas. Áireofar sa chlár oibre bliantúil freisin luach measta ranníocaíochtaí comhchineáil na Stát Rannpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b).

5. Cuirfear san áireamh i gcláir oibre bhliantúla le haghaidh bliain tagartha agus cláir oibre bhliantúla le haghaidh blianta tagartha ina dhiaidh sin torthaí na nglaonna ar thograí roimhe sin. Féachfaidh siad lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar chumhdach

neamhleor ábhar eolaíoch, go háirithe ábhair ar tugadh aghaidh orthu ar dtús i ngníomhaíochtaí faoi Airteagal 6(1), pointe (b), nach rabhthas in ann a chistiú go leormhaith.

6. Seolfar na glaonna ar thograí faoi na cláir oibre bhliantúla ábhartha faoin 31 Nollaig 2027. I gcásanna a bhfuil údar iomchuí leo, féadfar iad a sheoladh faoin 31 Nollaig 2028.

7. Déanfaidh EURAMET faireachán ar chur chun feidhme gach gníomhaíochta a áirítear sa chlár oibre bliantúil agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain.

8. Aon teachtaireacht nó foilseachán a bhaineann le gníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta agus a dhéantar i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, cibé acu EURAMET, Stát Rannpháirteach nó a chomhlachtaí náisiúnta cistiúcháin, nó rannpháirtithe le gníomhaíocht a dhéanann é, déanfar é a lipéadú nó a chomhlipéadú mar theachtaireacht nó foilseachán atá cómhaoinithe ag an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta faoi Fís Eorpach.

*Airteagal 8*

*Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh*

1. Measfar go mbeidh EURAMET ina chomhlacht cistiúcháin de réir bhrí Airteagal 2, pointe 13 de Rialachán [(AE) [XXX] [Rialachán maidir le Fís Eorpach] agus soláthróidh sé tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a) den Chinneadh seo i gcomhréir hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) [XXX].

2. I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den Rialachán maidir le Fís Eorpach, i gcásanna a bhfuil údar iomchuí leo, féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre bliantúil maidir le ról an chomhordaitheora i ngníomhaíochtaí indíreacha a shrianadh do NMInna agus DInna na Stát Rannpháirteach chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí agus spriocanna ranníocaíochta na Stát Rannpháirteach.

3. Áiritheoidh EURAMET idirghníomhaíochtaí iomchuí le NMInna agus DInna sna gníomhaíochtaí indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a), de réir an ainmniúcháin ag an údarás náisiúnta iomchuí. Spreagfaidh EURAMET rannpháirtíocht eintiteas eile i ngach glao freisin, agus tacóidh sé leis an rannpháirtíocht sin.

*Airteagal 9*

*Comhaontuithe idir an tAontas agus EURAMET*

Ar choinníoll go n- áirithítear go dtabharfar leibhéal coibhéiseach cosanta do leas airgeadais an Aontas, cuirfear ar iontaoibh EURAMET ranníocaíocht an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(3) agus le hAirteagal 154 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

*Airteagal 10*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais a fhoirceannadh, a laghdú nó a chur ar fionraí*

1. Féadfaidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3 a fhoirceannadh, a laghdú go comhréireach nó a chur ar fionraí mura ndéanann an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta na coinníollacha faoinar cuireadh ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar iontaoibh a chomhlíonadh.

2. Mura ndéanann na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíocht le maoiniú na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta, mura ndéanann siad ach ranníocaíocht i bpáirt, nó mura dtugann siad urraim do na tráthchláir maidir leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, féadfaidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3 a fhoirceannadh, a laghdú go comhréireach nó a chur ar fionraí. Ní chuirfidh cinneadh an Choimisiúin cosc ar aisíocaíocht na gcostas incháilithe a bheidh tabhaithe cheana féin ag na Stáit Rannpháirteacha sula gcuirtear an cinneadh chun ranníocaíocht airgeadais an Aontais a fhoirceannadh, a laghdú go comhréireach nó a chur ar fionraí in iúl don Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta.

*Airteagal 11*

*Iniúchtaí ex post*

1. Déanfaidh EURAMET iniúchtaí *ex post* ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a) i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialachán ...[Fís Eorpach](AE) [XXX] [].

2. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh na hiniúchtaí dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích é féin. Sna cásanna sin, déanfaidh an Coimisiún amhlaidh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, go háirithe Airteagal 48(3) de Rialachán (AE) [XXX] [Fís Eorpach] agus Airteagal 127 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

*Airteagal 12*

*Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint*

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin gCinneadh seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íoctar go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Agus an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta á cur chun feidhme, déanfaidh na Stáit Rannpháirteacha na bearta reachtacha, rialaitheacha, riaracháin agus eile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe chun aisghabháil iomlán aon mhéid atá dlite don Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a áirithiú.

3. Tabharfaidh EURAMET rochtain d'fhoireann an Choimisiúin agus do dhaoine eile atá údaraithe ag an gCoimisiún, chomh maith leis an gCúirt Iniúchóirí, ar a chuid

láithreán agus áitreabh go léir agus ar an bhfaisnéis go léir, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach, a theastóidh uathu chun a gcuid iniúchtaí a dhéanamh.

4. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[17] d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú, cinneadh nó conradh a chistítear faoin gClár seo.

5. Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939[18] ón gComhairle d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin.

6. Gan dochar do mhíreanna 3, 4 agus 5, beidh forálacha sna comhaontuithe, sna cinntí agus sna conarthaí a eascróidh as an gCinneadh seo a chur chun feidhme, lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, do EURAMET, don Chúirt Iniúchóirí, do OIPE agus do OLAF na hiniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

*Airteagal 13*

Rialachas na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta

1. Áireofar na comhlachtaí seo a leanas ar a laghad leis na comhlachtaí lena rialaítear an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta:

   (a) Coiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta;

   (b) an Grúpa Stiúrtha.

   (c) Rúnaíocht EURAMET.

---

16 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

17 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

18 Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

*Airteagal 14*

*Coiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta*

1. Bainisteoidh Coiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta chun a áirithiú go gcomhlíonann an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta mar a fhorghníomhaítear í, go gcomhlíonann sí a cuspóirí.

2. Is iad a bheidh ar Choiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta ionadaithe ar chomhaltaí EURAMET ó gach Stát Rannpháirteach. Déanfar na hualaí vótála a ríomh ó na gealltanais náisiúnta de réir fhréamh chearnach an ghealltanais.

3. Déanfaidh Coiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta na nithe seo a leanas, go háirithe:

   (a) glacfaidh sé cinntí ar an gclár oibre straitéiseach taighde agus nuálaíochta;

   (b) glacfaidh sé cinntí ar an bpleanáil i leith glaonna ar thograí agus ar an bpróiseas athbhreithnithe meastóireachta;

   (c) glacfaidh sé an clár oibre bliantúil tar éis formheas an Choimisiúin a fháil agus tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Stiúrtha dá dtagraítear in Airteagal 15;

   (d) glacfaidh sé cinntí maidir le roghnú na dtionscadal atá le cistiú de réir na liostaí tosaíochta tar éis na meastóireachtaí ar an nglao ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a);

   (e) déanfaidh sé faireachán ar dhul chun cinn na dtionscadal a chisteofar;

   (f) formheasfaidh sé rannpháirtíocht aon tríú tír nach bhfuil comhlachaithe le Fís Eorpach sa Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, ar choinníoll go bhfuil comhaontú idirnáisiúnta leis an Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 1(3), tugtha i gcrích ag an tríú tír sin.

4. Beidh stádas breathnóra ag an gCoimisiún i gcruinnithe Choiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta. Éileofar toiliú an Choimisiúin roimh ré, áfach, ar ghlacadh an chláir oibre bliantúil ag Coiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta. Tabharfaidh Coiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta cuireadh don Choimisiún freastal ar a chruinnithe agus seolfaidh sé gach doiciméad ábhartha chuig an gCoimisiún. Féadfaidh an Coimisiún páirt a ghlacadh i bplé Choiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta.

5. Toghfaidh Coiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta a Chathaoirleach agus a Leas-Chathaoirleach de réir na n-ualaí vótála a mhínítear i mír 2. Déanfaidh Cathaoirleach Choiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta ionadaíocht ar EURAMET in ábhair a bhaineann leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta.

*Airteagal 15*

*An Grúpa Stiúrtha*

1. Bunóidh an Coimisiún Grúpa Stiúrtha. Comhlacht comhairleach leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a bheidh sa Ghrúpa Stiúrtha agus tabharfaidh sé comhairle don Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta maidir leis na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh taighde méadreolaíochta ar an leibhéal Eorpach. Déanfaidh sé na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) teicneolaíochtaí agus margaí atá ag teacht chun cinn ina bhféadfadh taighde méadreolaíochta a bheith ábhartha amach anseo a shainaithint;

(b) réimsí taighde a rannchuidíonn le feidhmiú réidh an mhargaidh aonair a shainaithint, lena n-áirítear le rialacháin agus caighdeáin ábhartha;

(c) comhairle a chur ar an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta maidir le tosaíochtaí dá chláir oibre bhliantúla amach anseo.

2. Is é a bheidh sa Ghrúpa Stiúrtha 12 chomhalta:

(a) ceathrar ionadaithe ar bhunaitheoirí caighdeán agus rialtóirí Eorpacha arna n-ainmniú ag EURAMET;

(b) cúigear ionadaithe ar chomhpháirtíochtaí difriúla Eorpacha arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX][Fís Eorpach] agus comhpháirtithe príobháideacha a dhéanann ionadaíocht ar an tionscal. Ainmneoidh an Coimisiún na hionadaithe ar bhealach oscailte trédhearcach;

(c) Cathaoirleach EURAMET;

(d) ionadaí amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún, agus ionadaí amháin ar aireacht náisiúnta nach ball foirne é d'institiúid náisiúnta mhéadreolaíochta a ndéantar ionadaíocht uirthi in EURAMET. Ba cheart do Choiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta an t-ionadaí aireachta a cheapadh.

3. Déanfaidh 50 % de na comhaltaí ar a laghad dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b) uainíocht i ndiaidh na meastóireachta eatramhaí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) ar a dhéanaí.

4. Beidh an Grúpa Stiúrtha faoi chomhchathaoirleacht na n-ionadaithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (d).

*Airteagal 16*

*Rúnaíocht EURAMET*

1. Coimeádfaidh Rúnaíocht EURAMET, a sholáthraíonn tacaíocht ghinearálta riaracháin do EURAMET, na cuntais bhainc don Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta.

2. Bunófar Aonad tacaíochta bainistíochta mar chuid de Rúnaíocht EURAMET agus beidh sé freagrach as an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a chur chun feidhme agus a bhainistiú ó lá go lá.

*Airteagal 17*

*Faisnéis a chur in iúl*

1. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, soláthróidh EURAMET aon fhaisnéis is gá chun na tuarascálacha meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 18 a ullmhú don Choimisiún.

2. Cuirfidh na Stáit Rannpháirteacha, trí EURAMET, aon fhaisnéis a iarrann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Chúirt Iniúchóirí maidir le bainistíocht airgeadais na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta faoi bhráid an Choimisiúin.

3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 san áireamh sna meastóireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18.

*Airteagal 18*

*Meastóireacht*

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach agus meastóireacht deiridh ar an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta faoi chuimsiú mheastóireachtaí Fís Eorpach, mar a shonraítear in Airteagal 47 de Rialachán (AE) .... [Fís Eorpach].

2. Déanfar scrúdú sna meastóireachtaí ar conas a chomhlíonann an Chomhpháirtíocht Mhéadreolaíochta a misean agus cuspóirí, cumhdófar gach gníomhaíocht dá cuid agus déanfar meastóireacht ar a breisluach Eorpach, éifeachtacht, agus éifeachtúlacht, lena n-áirítear a hoscailteacht agus a trédhearcacht, ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí a shaothraítear agus a gcomhleanúnachas agus/nó comhlántachtaí le beartais ábhartha réigiúnacha, náisiúnta agus de chuid an Aontais, lena n-áirítear sineirgí le codanna eile de Fís Eorpach (amhail misin, braislí nó cláir théamacha nó shonracha). Cuirfear san áireamh sna meastóireachtaí tuairimí na bpáirtithe leasmhara, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus i gcás inarb ábhartha, cuirfear san áireamh iontu freisin measúnú ar thionchair fhadtéarmacha eolaíochta, sochaíocha, eacnamaíocha agus teicneolaíochtaí na dtionscnamh roimhe sin. Áireofar leo, i gcás inarb ábhartha, measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghnímh sa todhchaí, chomh maith le hábharthacht agus comhleanúnachas aon athnuachan a fhéadfar a dhéanamh ar an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta, i bhfianaise na dtosaíochtaí beartais foriomlán agus an tírdhreach tacaíochta taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear an suíomh i gcomparáid le tionscnaimh eile a dtacaítear leo trí chlár réime Fís Eorpach.

*Airteagal 19*

*Rochtain ar thorthaí agus faisnéis maidir le tograí*

1. Tabharfaidh EURAMET rochtain don Choimisiún ar an bhfaisnéis go léir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn sé. Áireofar san fhaisnéis sin torthaí na dtairbhithe a bheidh rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha Comhpháirtíochta Méadreolaíochta nó aon fhaisnéis eile a mheastar is gá chun beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas. Tá cearta rochtana den sórt sin teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch agus comhlíonfaidh siad na rialacha rúndachta is infheidhme.

2. Chun críocha beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas, soláthróidh EURAMET faisnéis don Choimisiún a áirítear i dtograí a chuirtear isteach.

*Airteagal 20*

*Rúndacht*

Gan dochar d'Airteagal 17, áiritheoidh EURAMET go dtabharfar cosaint d'fhaisnéis rúnda a bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin lasmuigh d'institiúidí Aontais agus comhlachtaí, oifigí

nó gníomhaireachtaí eile an Aontais, damáiste a dhéanamh do leasanna a chomhaltaí nó do na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta. Áirítear le faisnéis rúnda den sórt sin faisnéis phearsanta, tráchtála, faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe, ach níl an fhaisnéis sin teoranta do na nithe céanna.

*Airteagal 21*

*Coinbhleacht leasa*

1. Seachnóidh EURAMET, a chomhlachtaí agus a fhoireann, agus comhlachtaí na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta, aon choinbhleacht leasa i gcur chun feidhme a ngníomhaíochtaí.

2. Glacfaidh EURAMET rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistíocht ar choinbhleachtaí leasa i leith fhoireann EURAMET, comhaltaí agus daoine eile a fhreastalaíonn ar Choiste na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta agus comhlachtaí nó grúpaí eile de chuid EURAMET agus na Comhpháirtíochta Méadreolaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 154(4), pointe (d) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

*Airteagal 22*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 23*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. Cineál an togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistithe agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta arna comhdhéanamh ag roinnt Ballstát

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

Gníomhaíocht: Fís Eorpach

Braisle 4: Digiteach, tionscal agus spás

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[19]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Féadfar príomhchuspóirí an tionscnaimh a roinnt ina gcuspóir eolaíoch, eacnamaíoch agus sochaíoch. An cuspóir eolaíoch ná córas inbhuanaithe comhordaithe méadreolaíochta den scoth a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach. An cuspóir eacnamaíoch ná a áirithiú go nglacann nuálaithe go díreach le cumais úrscothacha mhéadreolaíochta ina n- éiceachórais. An cumas sochaíoch ná tionchar na méadreolaíochta ar dhúshláin shochaíocha i ndáil le cur chun feidhme beartas, caighdeán agus rialachán chun go mbeidh siad oiriúnach dá bhfeidhm a mhéadú.

Táthar ag súil go dtosóidh an tionscnamh ag feidhmiú sa dara nó sa tríú ráithe de 2021 (ag brath ar dháta glactha an bhunghnímh ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa).

Is é príomhghníomhaíocht an tionscnaimh tacú le gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde idir institiúidí méadreolaíochta agus páirtithe leasmhara seachtracha leis an méadreolaíocht. Beidh céim bhunaidh bhorrtha ann sna blianta 2021 agus 2022 ina n-eiseofar glao, chun buiséad seasta glao a bhaint amach le haghaidh na bliana 2023 – 2026. Don bhliain dheireanach ina n- eiseofar glao, is é sin 2027, meastar go laghdófar an buiséad glao chun gur féidir é a chéimniú amach de réir a chéile. An tráth céanna, tá na cistí á soláthar ag an gcistiú náisiúnta chun Líonraí Eorpacha Méadreolaíochta i réimsí straitéiseacha teicneolaíochta agus sochaíocha a chruthú.

19 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Tá na chéad Líonraí á dtógáil ó thús an tionscnaimh agus d'fhéadfaí Líonraí nua a sheoladh gach bliain den chur chun feidhme.

Faoi 2030, beidh gach cuspóir ginearálta agus gach cuspóir sonrach bainte amach agus faoi réir meastóireacht *ex post*.

1.4.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach (*ex ante*):

Tá na fadhbanna a dtéann réimse an tionscnaimh i ngleic leo de chineál agus de mhéid a fhágann go mbeidh gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal AE níos oiriúnaí ná a dtionscnamh féin a bheith á bhforbairt ag na Ballstáit aonair. Leis sin, beifear in ann iarrachtaí níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe a dhéanamh, agus an dúbailt a sheachaint.

Is é is príomhchúis le ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an tionscnamh an deis gníomhaíochtaí trasnáisiúnta taighde a dhírítear go díreach ar chomhthosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh na méadreolaíochta a chistiú. Le tionscnamh Airteagal 185, tugtar deimhneacht dhlíthiúil fhadtéarmach an chistithe institiúidigh le gealltanais ón Aontas chomh maith leis an gcistiú institiúideach atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta freisin.

Breisluach an Aontais a mheastar a ghinfear (ex- post):

Le rannpháirtíocht an Aontais is féidir geilleagair a chruthú ar an scála mór agus an inniúlacht taighde méadreolaíochta a chomhdhlúthú. Áiritheofar le rannpháirtíocht an Aontais freisin giaráil na n- acmhainní náisiúnta chun inniúlacht Eorpach méadreolaíochta a chruthú atá oiriúnach le haghaidh dúshláin ghnáchcomónta shochaíocha agus athruithe teicneolaíochta i gcomhréir le riachtanais an Mhargaidh Aonair.

Dírítear a thuilleadh ar na saincheisteanna sin sa doiciméad Measúnaithe Tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Trí leibhéal suntasach comhtháthaithe ar iarrachtaí náisiúnta méadreolaíochta a bhaint amach, chuir gníomhaíocht de chuid an Aontais faoin Seachtú Clár Réime agus faoi Fís 2020 ar a chumas don Eoraip ceannaireacht dhomhanda a bhaint amach i roinnt réimsí den mhéadreolaíocht. Agus méadú ag teacht ar thábhacht an taighde méadreolaíochta mar chumasóir teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, tá réigiúin eile ar fud an domhain ag cur go suntasach lena n- infheistíochtaí méadreolaíochta agus á ndíriú go straitéiseach. Teastaíonn gníomhaíocht de chuid an Aontais ag an gcéim seo, dá bhrí sin, chun móiminteam an chomhtháthaithe sin a choinneáil ar bun chun go mbeidh sé neadaithe ar fud shlabhra luacha na méadreolaíochta agus chun go gcuirfear, leis sin, le rannpháirteachas páirtithe leasmhara leis an méadreolaíocht, lena n- áirítear rialtóirí agus bunaitheoirí caighdeán, tionscal agus úsáideoirí deiridh

sa tsochaí, chomh maith le saoránaigh. Is é seo is tábhachtaí chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach taighde chomhtháite méadreolaíochta san Eoraip a bhaint amach.

Tá sé ríthábhachtach go gcoinnítear gníomhaíocht den sórt sin de chuid an Aontais ar bun anois chun an inbhuanaitheacht a bhaint amach. Mar a thugtar le fios i meastóireacht mheántéarmach 2017, mura ndéantar amhlaidh, is baolach go mbeidh iarrachtaí méadreolaíochta san Eoraip ilroinnte arís, agus go gcuirfear srian le fothú inniúlachta Institiúidí beaga Náisiúnta Méadreolaíochta (NMInna) agus comhshocruithe déthaobhacha á dtabhairt i gcrích ag NMInna móra lena macasamhlacha i réigiúin eile ar fud an domhain, rud a bhaineann an bonn de cheannasacht teicneolaíochta na hEorpa.

1.4.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

De réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, is gá do gach Comhpháirtíocht Eorpach comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú.

Ba cheart sineirgí láidre a bhunú le Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile a bhaineann go dlúth le feidhmeanna atá dian ar thomhas. Ina theannta sin, déantar foráil in ionstraim Airteagal 185 le haghaidh cláir náisiúnta chistiúcháin atá ailínithe le tosaíochtaí náisiúnta le haghaidh na méadreolaíochta a chomhtháthú gan stró.

Ailíneofar é go háirithe le hionstraimí eile faoi na tosaíochtaí Eorpacha 'Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach', 'Geilleagar a fhóireann do dhaoine' agus 'Comhaontú Glas don Eoraip', agus beidh sé in ann teagmháil a dhéanamh le gach clár agus gníomhaíocht faoi chlár réime um thaighde agus um nuálaíocht Fís Eorpach atá beartaithe, lena n- áirítear gach braisle faoi Cholún 2 'Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch'.

Déanfar faireachán ar shineirgí agus comhar leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí.

## 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ó [01/01]2021 go [31/12]2031

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2022 go 2032 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[20]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☑ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

---

[20] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

Nótaí

| |
|---|
| Is comhlachas é EURMAET (Eingetragener Verein, e.V.) faoi dhlí na Gearmáine, agus cuireann na Ballstáit agus tíortha eile san Eoraip ar a iontaoibh ionadaíocht a dhéanamh orthu mar Eagraíocht Réigiúnach Méadreolaíochta na hEorpa. Soláthrófar ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an tionscnamh tríd an eagraíocht seo. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

| |
|---|
| I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, glacfaidh an chomhpháirtíocht córas faireacháin atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn V den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus déanfaidh sé fónamh don bhunachar sonraí aonair céanna agus a dhéanann na comhpháirteanna eile de Fís Eorpach. Soláthróidh an córas tuairiscithe agus faireacháin príomhshonraí bainistíochta agus cur chun feidhme (lena n- áirítear mionsonraí ar leibhéal na n- eintiteas aonair), agus beifear in ann dul chun cinn a rianú de réir na bPríomhchonairí Tionchar (lena n- áirítear an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí de chuid an Aontais a bhaint amach), agus na gcritéar comhpháirtíochta, leis. Tuairisceoidh an chomhpháirtíocht ar tháscairí sonracha (nach gcumhdaítear leis na Príomhchonairí Tionchar) chun gur féidir an dul chun cinn a dhéantar sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma i leith fhís agus chuspóirí sonracha agus cuspóirí oibríochta na comhpháirtíochta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht, lena n- áirítear ar na spriocanna a shocraítear faoi 2030, chun gur féidir an dul chun cinn sin a rianú. Ceadóidh na táscairí, foinsí sonraí agus modheolaíochtaí measúnú in imeacht ama ar an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn i leith tionchar, lena n- áirítear baint amach chuspóirí beartas an Aontais, agus ceadófar sainaithint riachtanas féideartha le haghaidh bearta ceartaitheacha. Ba cheart sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chur san áireamh, freagrachtaí maidir le bailiú sonraí a aithint, agus cineálacha cur chuige coincréiteach a leagan amach chun bonnlíne, spriocanna agus/nó tagarmharcanna réalaíocha chun an dul chun cinn a shainaithint a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le cur chuige tionchair Fís Eorpach. Soláthrófar gach faisnéis neas-fhíorama a bhailítear do ranna an Choimisiúin de réir samhlacha comhchoiteanna sonraí agus cuirfear isteach i mbunachar sonraí aonair í mar a shonraítear in Airteagal 45 den Rialachán maidir le Fís Eorpach. Chun na críche sin, cuirfear córais iomchuí tuairiscithe i bhfeidhm chun tacú le tuairisciú leanúnach trédhearcach, lena n- áirítear tuairisciú ar ranníocaíochtaí airgeadais agus chomhchineáil a dtabharfar gealltanais ina leith agus a chuirfear ar fáil go hiarbhír, ar infheictheacht agus seasamh sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ar an tionchar ar thaighde agus na rioscaí nuálaíochta a bhaineann le hinfheistíochtaí na hearnála príobháidí. Ba cheart do thuairisciú a bheith i gcomhréir le ceanglais chaighdeánacha Fís Eorpach maidir le tuairisciú. Áireofar freisin i bhforbairt na gcóras tuairiscithe i gcomhthéacs chomhordú straitéiseach an phróisis na Ballstáit agus ionadaithe comhpháirtíochta chun sioncrónú agus comhordú iarrachtaí tuairiscithe agus faireacháin a áirithiú, lena n- áirítear leithdháileadh cúraimí bailithe sonraí agus tuairiscithe. Áireofaí sa chóras tuairiscithe ar leibhéal an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar na tionscadail arna gcistiú, a dtorthaí, a scaipeadh agus a n- úsáid ag príomh- spriocghrúpaí, agus an difríocht fhoriomlán atá á déanamh aige seo don eolaíocht, don gheilleagar, don tsochaí agus/nó don chomhshaol, i gcomhréir le cuspóirí agus spriocthionchair na dtionscadal. Ba cheart é sin a chomhlánú le sonraí ábhartha ar bhreisluach agus tionchar na comhpháirtíochta ar an leibhéal Eorpach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. Ní mór sásra iomchuí comhroinnte sonraí ag a bhfuil bunachair sonraí gnáchcomónta Fís Eorpach maidir le faireachán agus tuairisciú a áirithiú chomh maith. |

Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach ar an tionscnamh agus cuirfidh sé na conclúidí uaithi, in éineacht lena barúlacha, in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 30 Meitheamh 2025. Laistigh de sé mhí ó fhoirceannadh an tionscnaimh, ach tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis an cinneadh é a fhoirceannadh, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht deiridh i gcrích maidir leis an tionscnamh. Cuirfear torthaí na meastóireachta deiridh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Faoin 15 Feabhra gach bliain, cuirfidh EURAMET tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar an dul chun cinn atá déanta ag an gComhpháirtíocht sa bhliain féilire roimhe sin, go háirithe i ndáil le clár oibre na bliana sin, faoi bhráid an Choimisiúin, lena formheas. Áireofar sa tuarascáil faisnéis faoi thaighde, nuálaíocht agus gníomhaíochtaí eile a rinneadh agus an caiteachas comhfhreagrach; na tograí a cuireadh isteach, le scagadh de réir catagóir rannpháirtí, agus de réir tíre; na gníomhaíochtaí indíreacha a roghnaíodh i gcomhair cistithe, le miondealú de réir catagóir rannpháirtí, agus de réir tíre, agus ag tabhairt le fios ranníocaíocht an Aontais leis na rannpháirtithe agus na gníomhaíochtaí aonair.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

### *2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá údar maith le bainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phoiblí í an Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta a dtugtar cuid dá cistiú isteach i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil ag na Stáit Rannpháirteacha.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir leis an ranníocaíocht leis an gComhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Tarmligin arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus EURMAET go n- íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe Aistrithe Cistí le EURMAET i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain. Ba cheart measúnú *ex ante* ar EURAMET a dhéanamh roimh an gComhaontú Tarmligin chun measúnú a dhéanamh ar a chreat rialaithe inmheánaigh agus ar a bhainistíocht airgeadais.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n- iomláine.

Áiritheoidh socruithe faireacháin, lena n- áirítear trí mhaoirseacht an Aontais ar rialachas na Comhpháirtíochta, chomh maith le socruithe tuairiscithe gur féidir le ranna an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh araon a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánaigh EURAMET le haghaidh cur chun feidhme na Comhpháirtíochta Eorpaí Méadreolaíochta bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

• na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a chuireann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin ar fáil, a chur chun feidhme;

- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun ionstraimí dlí a dhéanamh díobh;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n- áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú *ex ante* ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar shampla d'éilimh mar chuid d'iniúchtaí *ex post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

(1) Inniúlacht struchtúr tiomanta cur chun feidhme EURAMET chun buiséad an Aontais a bhainistiú agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Beidh an modh rialaithe i gcomhréir leis na ceanglais arna leagan amach i rialacháin airgeadais an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe go gcoinníonn an Coimisiún de cheart aige féin a ranníocaíocht a fhoirceannadh, a laghdú nó a chur ar fionraí mura bhfuil an cur chun feidhme inghlactha nó iomchuí.

(2) Inniúlacht stáit rannpháirteacha a ranníocaíochtaí leis an gclár a mhaoiniú.

Ní féidir cistí an Aontais a scaoileadh ach amháin de bhun fianaise ar ghealltanais náisiúnta airgeadais, ar leibhéal an chomhaontaithe bhliantúil maoinithe agus ar leibhéal na n- íocaíochtaí le rannpháirtithe náisiúnta sna tionscadail araon. Is coimirce eile é nach féidir le cistiú an Aontais 50 % den chistiú poiblí iomlán a sholáthraítear sa chlár a shárú agus ní féidir le cistiú an Aontais caiteachas riaracháin a chumhdach.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach is infheidhme maidir leis an gComhpháirtíocht Mhéadreolaíochta cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina Chlár Oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aici ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na dtairbhithe siúd atá ag an gCoimisiún, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2- 5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, bearta ceartaithe agus bearta gnóthaithe curtha san áireamh.

Féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach maidir le Fís Eorpach le haghaidh sonraí iomlána ar an ráta earráide a bhfuiltear ag súil leis i ndáil le rannpháirtithe.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.

Rinneadh profáil chalaoise agus measúnú ar a dtionchar ar na tograí le haghaidh Fís Eorpach. Ar an iomlán, ba cheart do na bearta atá molta tionchar dearfach a bheith acu ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar an iniúchóireacht rioscabhunaithe, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe eolaíochta.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus bactha.

Agus tionscnamh EMPIR Airteagal 185 atá ann faoi láthair á chur chun feidhme, téann EURAMET i gcomhar le ranna an Choimisiúin cheana féin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis sin agus go neartófar é.

Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 1**<br>**Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach – Fís Eorpach** | LD/LN[21]. | ó thíortha de chuid CSTE[22] | ó thíortha is iarrthóirí[23] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b) ] den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 01 02 02 40 – An Bhraisle 'Digiteach, Tionscal agus Spás' | LD. | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

[21] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[22] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[23] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | Ceannteideal Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach<br>Fís Eorpach |

| | | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (roinnte de réir na línte buiséid a liostaítear faoi 3.1) | Gealltanais | (1) | 26 000 | 43 000 | 51 000 | 51 000 | 47 000 | 43 000 | 39 000 | | **300 000** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0 | 11 700 | 31 050 | 44 900 | 50 200 | 49 200 | 45 600 | 67 350 | **300 000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach an chláir[24] | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | 0.381 | 0.389 | 0.396 | 0.405 | 0.413 | 0.420 | 0.430 | - | 2 834 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an chláir** | Gealltanais | =1+3 | 26 381 | 43 389 | 51 396 | 51 405 | 47 413 | 43 420 | 39 430 | | **302 834** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | 0.381 | 12 089 | 31 446 | 45 305 | 50 613 | 49 620 | 46 030 | 67 350 | 302 834 |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais** | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |

24 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach. Lena gcumhdaítear riarachán ghníomhaíochtaí Fís Eorpach. Cinntear na costais FTE ar bhonn an mheánchostais bhliantúil atá le húsáid amhail ó 2021 le haghaidh tuarastal d'Fhoireann Bhuan (EUR 0.127) agus costas riaracháin eile (EUR 0.025) dá dtagraítear costais foirgneamh agus TF d'fhoirne Taighde Indírigh. Tá innéacsú bliantúil 2 % curtha i bhfeidhm don tréimhse 2022- 2027. Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

| **ilbhliantúil** | | |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart úsáid a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach, iarscríbhinn a uaslódáiltear chuig DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | - | - | - | - | - | - | **-** | | **0** |
| Caiteachas riaracháin eile | | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | | **0** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | | **0** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe thar CHEANNTEIDIL** den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 26 381 | 43 389 | 51 396 | 51 405 | 47 413 | 43 420 | 39 430 | | 302 834 |
| | Íocaíochtaí | 0.381 | 12 089 | 31 446 | 45 305 | 50 613 | 49 620 | 46 030 | 67 350 | 302 834 |

*3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo- iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[25] of the multiannual financial framework** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo- iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | **0** |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den

---

25 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos[26]:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | | | | | | |
| Toscaireachtaí | | - | - | - | - | - | - | - |
| Taighde | | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [27]<br>Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDE AL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | - | - | - | - | - | - | - |
| | - i dtoscaireachtaí | - | - | - | - | - | - | - |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir [28] | - sa cheanncheathrú | - | - | - | - | - | - | - |
| | - i dtoscaireachtaí | - | - | - | - | - | - | - |
| Taighde | | - | - | - | - | - | - | - |
| Eile (sonraigh) | | - | - | - | - | - | - | - |
| **IOMLÁN** | | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 | 2.5 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Le haghaidh maoirseacht chláir agus treoraíocht bheartais (PO agus LO) agus cúraimí agus freagrachtaí riaracháin meastóireachta/rialachais don Choimisiún. |
| Pearsanra seachtrach | n/bh |

[26] Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

[27] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[28] Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Blianta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Stáit Rannpháirteacha | 31 000 | 52 000 | 62 000 | 62 000 | 57 000 | 52 000 | 47 000 | 363 000 |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | 31 000 | 52 000 | 62 000 | 62 000 | 57 000 | 52 000 | 47 000 | 363 000 |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[29] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

29 Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.